

DINNSEANCHAS

Iml. IV, 1970-71

Roinnt nótaí ar <i>sliabh, binn, cruach</i> in ainmneacha cnoc <i>Éamonn de hÓir</i>	1
Two obsolete place Names in Co. Meath <i>J. Otway-Ruthven</i>	7
Logainmneacha ó bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir—III <i>Breandán Ó Ciobháin</i>	8
Foilseacháin 1969	17
Cráeb Telcha: Crew, Co. Antrim <i>Deirdre Flanagan</i>	29
Miscellanea: Counties Carlow and Wicklow <i>K. W. Nicholls</i>	33
Logainmneacha ó bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir—IV <i>Breandán Ó Ciobháin</i>	38
Leathbhaile fearainn i gCois Fharraigne <i>Tomás Ó Concheanainn</i>	53
Placenames of Inismurray <i>Mícheál Mac Cárthaigh</i>	60
Foilseacháin 1970	73
The Names of Downpatrick <i>Deirdre Flanagan</i>	89
Logainmneacha ó bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir—V, Inis Cathaigh <i>Breandán Ó Ciobháin</i>	113

As Cartlann na Logainmneacha:

Ballymahon	23
Killevy	24
Garryhill	46
Ballyhaise	48
Boho	80
Ballymoe	82
Castledermot	126

Nótaí agus Ceisteanna:

Mullaghecleevaun, Co. Chill Mhantáin	26
<i>Muiris Ó Droighneáin</i>	

1368

DINNSEANCHAS

Iml. IV. Uimh. 1

Meitheamh, 1970

ROINNT NÓTAÍ AR SLIABH, BINN, CRUACH IN

AINMNEACHA CNOC

ÉAMONN DE HÓIR

Is deacair teacht ar liosta d'ainmneacha cnoc atá sách iomlán le gurbh fhéidir le duine líon maith samplaí de mhír a mbeadh spéis aige inti a phiocadh amach d'fhonn staidéar a dhéanamh uirthi. Is féidir, ar ndóigh, teacht ar roinnt de na hainmneacha i liosta na mbailte fearainn, ach ní liosta róshásúil é, as a nádúr, agus ní féidir a chuartú ann, dáiríre, ach míreanna a bhfuil eolas orthu cheana agus sin i dtosach an ainm.

Ar na hábhair sin bheartaíos ar liosta a chur le chéile ó na léarscáileanna féin agus is iad na léarscáileanna a d'úsáid mé chuige léarscáileanna $\frac{1}{2}$ " na Suirbhéireachta Ordanáis. Is é an ráth ar bhaineas leas astu sin nach cosúil gur mó an méad ainmneacha cnoc atá le fáil ar an léarscáil 1", atá á ligean as cló in aon chás, agus gur rómhór líom an saothar a ghabhfadh le cuartú na léarscáileanna 6" don tír ar fad. Bhreacas síos gach ainm ar chosúil, ón léarscáil, gur ainm cnoic é, ach níor bhacas le hainmneacha a gceapfaí brí chnoic a bheith leo murar chosúil ón léarscáil gur le cnoc a ghabhadar; dá mbeadh ainm cosúil le Slieveboy, mar sin, ar shráidbhaile, ní bheadh sé curtha síos agam de ghnáth. Is mar sin is cothroime, mheasas, a bheadh patrún ainmneacha na gcnoc le feicéail; d'fhág sé gur fhéadas airde an chnoic a chur leis an ainm de ghnáth agus bhí de thoradh air freisin go bhfuair eas ainmneacha nach raibh so-aitheanta mar ainmneacha cnoc ar fhoirm an ainm féin. Is é is dóichí, dar liom, nach bhfuil aon locht ar an liosta seo agam, mar shampla cothrom d'ainmneacha cnoc, nach mbeadh ar liosta de na hainmneacha sin a bhunófaí ar na léarscáileanna 6". Ag an am céanna ní foláir cuimhneamh, agus an méad atá agam sna nótaí seo á mheas, ar an ábhar ar a bhfuil sé bunaithe agus ar na teorainneacha atá leis an ábhar sin.

Is mó atá sé i gceist agam sna nótaí seo ceisteanna a spreagadh ná iad a fhreagairt. Níor mhór cuid mhaith eile taighde sula bhféadfai tabhairt faoina bhfreagairt. Is ceart dom a rá nach bhfuil seanfhoirmeacha de na hainmneacha cuartaithe chor ar bith agam: tá a bhfuil le rá agam bunaithe ar an leagan atá ar an léarscáil amháin.

sliabh

Dá luafai ainmneacha cnoc le duine, is dócha gurb é an focal seo is túisce a thiocfadh ina cheann. Ina dhiaidh sin is minic nach do chnoc a thagraíós sé chor ar bith ach do mhóinteán ard, uaireanta d'ardchlár fairsing cosúil le Sliabh Luachra nó Sliabh Fuaid. Ar ndóigh tá sé coitianta freisin ar bheanna scoite cosúil le Sliabh gCallann i gcontae Dhoire nó Sliabh na mBan i gcontae Thiobraid Árann agus b'fhéidir gur raon ardchnoc atá i gceist i gcásanna eile, cosúil le Sliabh gCrot (an seanainm ar na Gaibhlte). Tá an dá bhri curtha síos don fhocal i bhfoclóir an Acadaimh, "a mountain, a mountain-range" agus "a moor". Is cosúil go bhfuil an éagsúlacht chéanna le fáil sa bhri in Albain (Nicolaisen, "The Distribution of certain Gaelic Mountain-Names", *Transactions of the Gaelic Society of Inverness*, XLV, 123) agus is fíor faoin tír seo freisin, chomh fada lem eolas, an rud adeir Nicolaisen faoi Gháidhlig na hAlban, nach mbaintear leas as an bhfocal inniu sa chaint (san uatha ar aon nós) ag tagairt do bhinn ard, nó don rud a dtugtar *mountain* air de ghnáth i mBéarla. Is doiligh a rá cé acu ciall is bunúsaí: d'fhéadfadh sé, go deimhin, nach bunúsaí ceann ná an ceann eile, ach gur do chineál áirithe talún a thagraíós an focal go bunúsach, talamh ard gan mórán tairbhe a d'fhéadfadh a bheith fíorchrochta nó measartha cothrom.

Rinneas scrúdú ó thaobh airde ar na hainmneacha sa liosta agam a thosaíos le *sliabh*. Nuair is do chnoc nó a leithéid a thagraíós an t-ainm, is i dtús an ainm, ar ndóigh, a bhíos an focal *sliabh* (taobh amuigh de bheagán cásanna, nár chuireas san áireamh, cosúil le *Corrshliabh*); i gcás *sliabh* a bheith mar dara nó tríú mír, Cill Shléibhe abair, is do rud éigin seachas an cnoc a thagraíós an t-ainm agus ní foláir an cnoc a bhfuil tagairt dó a chuartú, agus ní furasta é a aimsiú le cinnteacht go minic. Is ceart a rá, ó thaobh an scrúdaithe seo ar an airde, gur mó, mar gheall ar an mbealach ar cuireadh le chéile é, a bheadh ainmneacha ardchnoc le fáil ann ná ainmneacha tulachán ísle.

2355 ainm cnoc atá sa liosta iomlán agus díobh sin tá 286, nó 12.14%, nach bhfuil airde curtha síos agam dóibh, toisc nach raibh an airde inléite nó gur le raon cnoc a bhain an t-ainm ar an léarscáil: d'fhágas iad sin as an áireamh ar fad. Seo mar tá na hainmneacha eile roinnte ó thaobh airde:

0'-499'	500'-999'	1000'-1499'	1500'-1999'	2000' suas
16.67%	36.93%	27.43%	12.13%	6.82%

Agus seo mar tá i gcás na n-ainmneacha a bhfuil *sliabh* ina dtús (104 ar fad, gan na cinn nach bhfuil airde curtha síos agam dóibh a chur san áireamh):

0'-499'	500'-999'	1000'-1499'	1500'-1999'	2000' suas
6.73%	25.00%	37.50%	16.35%	14.42%

As sin tá cosúlacht ann gur mó atá an focal ceangailte le talamh fíorard: tá an céatadán faoi bhun 1000' níos ísle ná an céatadán don iomlán, agus cuid mhaith níos ísle faoi bhun 500'; os cionn 1000' tá an céatadán níos airde ná an céatadán don iomlán, agus cuid mhaith níos airde os cionn 2000'. Bheadh sé le tuiscint as sin go mb'fhéidir gur le beanna arda, nó measartha ard, a bhaineas *sliabh* ó cheart i logainmneacha. Ar ndóigh, tá níos mó i gceist dáiríre ná airde os cionn na farraige; is tábhachtaí don té a bheartnaíos ar chnoc, agus ba thábhachtaí do na daoine a d'ainmnigh é, déanamh an chnoic agus a airde os cionn na talún ina thimpeall. Ní gá ach oiread, ar ndóigh, go mbeadh na hainmneacha ar fad ar aonaois agus, dá réir, d'fhéadfadh sé nach é an bhri chéanna a bhí leis an bhfocal i ngach cás nuair a cumadh na hainmneacha. Níor mhór freisin ganntanas ainmneacha a bhfuil *sliabh* iontu in Albain a chur san áireamh, agus a suíomh ansin (féach Nicolaisen, *op. cit.*, 123-4; Nicolaisen, "Slew- and *sliabh*", *Scottish Studies*, IX, 91-106), comharthaí b'fhéidir go ndeachaigh an focal as úsáid i logainmneacha réasúnta luath, in Albain ar aon nós.

Ní miste a lua gurb é Sliabh Dónairt i gcontae an Dúin (Slieve Donard ar an léarscáil), 2796', an cnoc ab airde dá bhfuair agus an focal *sliabh* ina thús agus gurbh é Sliabh Chathail (?) (Slievecahill) i gcontae Chiarraí, 297', an ceann ab ísle.

Is fiú féachaint ar an gcaoi a bhfuil ainmneacha a bhfuil *sliabh* ina dtús scaipthe tríd an tír (is trua nach bhféadaim léarscáil a fhoilsiú lena léiriú). Tá na hainmneacha an-trom i gcontae an Dúin (b'fhéidir go bhfuil siad neamhchoitianta trom i mBeanna Boirche toisc gur bailíodh níos mó ainmneacha cnoc ansin ná in áiteanna eile) agus isteach i ndeisceart chontae Ard Mhacha; i gcoitinne tá siad trom go maith san oirthuaisceart, taobh ó thuaidh de líne idir Doire agus Droichead Átha, go garbh, agus Inis Eoghain a chur san áireamh. Tá scaipeadh réasúnta ar na hainmneacha sa chuid eile den tír (taobh amuigh den talamh íseal i lár na tíre), ach is beag díobh atá le fáil ar shléibhte chontae Phort Láirge, in iarthar chontae Chorcaí, i ndeisceart ná in oirthear chontae Chiarraí, ná taobh thiar de líne ó Ghailimh go Doire, go garbh, cé is moite

d'Inis Eoghain.

Ní féidir mórán a rá faoin geineál ainmneacha atá i gceist gan na foinsí a chuartú i dtosach, rud nach bhfuil déanta agam. Ach gheobhadh duine an tuairim ó leaganacha na léarscáile go bhféadfadh cuid mhaith de na hainmneacha a bheith réasúnta sean: níl a mbrí soiléir ar an gcéad amharc agus tá cosúlacht na fíorsheandachta ar roinnt acu. Tá sé le tabhairt faoi deara freisin, i gcomórtas le hainmneacha a thosaíos le *cnoc*, abair, gurb annamh dathanna luaite le *sliabh* (as an iomlán 129 ainm, níl ach *bán* (1), *breac* (1), *buí* (3), *glas* (1), *riabhach* (1), *rua* (3)).

binn

Ní hionann agus *sliabh*, níl aon éagsúlacht bhri i gceist sa bhfocal seo. Ní miste dom a rá nach dóigh liom go bhfuil an ceart ag Nicolaisen (*Trans. Gaelic Soc. of Inverness*, XLV, 115) nuair adeir sé faoi *beim*, "Because of the scarcity of this element in Irish hill-nomenclature it may be truly called a Scottish-Gaelic mountain-word". 73 sampla de mar chéad mhír a bhaineas den léarscáil, beagnach 0% den líon atá agam le *sliabh* agus beagán níos mó ná tá agam le *cruach*. B'fhéidir go bhfuil an foca' níos líonmhaire in Albain mar mhír in ainmneacha cnoc ná tá in Éirinn—ní féidir comórtas a dhéanamh idir na figiúirí agamsa agus na figiúirí ag Nicolaisen—ach ní féidir a shéanadh go bhfuil sé coitianta go maith anseo.

Is mar seo atá na cnoic ar mo liosta a bhfuil *binn* ina dtús roinnte ó thaobh airde (64 ar fad atá ann a bhfuil a n-airde breactha síos agam):

0'-499'	500'-999'	1000'-1499'	1500'-1999'	2000' suas
1.56%	18.75%	29.69%	31.25%	18.75%

I gcomórtas leis na céatadán do na hainmneacha cnoc san iomlán (féach lch. 2 thuas) tá na céatadán don fhocal seo íseal faoi bhun 1000', agus an-íseal faoi bhun 500', ar aondul idir 1000' agus 1499' agus níos airde cuid mhaith ó 1500' suas. Léiríonn sé sin, agus níl ann ach an rud a mbeifí ag súil leis, gur le cnoic arda a bhaineas an focal go speisialta; arís, ar ndóigh, airde os cionn na talún ina thimpeall a bheadh i gceist níos mó ná airde os cionn na farraige agus is é is dóichí go mbeadh baint mhór ag déanamh an chnoic leis an scéal freisin. Binn Chaorach (Beenkeeragh) i gcontae Chiarraí, 3314', an cnoc is airde ar mo liosta agus Binn Mhór (Benmore) i gcontae na Gaillimhe an ceann is ísle, 315' (agus is é

t-aon cheann agam é faoi bhun 500'). Is léir ó chomórtas leis na céatadán do *sliabh* (lch. 3 thuas) gur mó a théas *binn* leis na cnoic is airde, de bheagán ar aon nós, agus gur lú a théas sé leis na cinn ísle.

Tá ainmneacha a bhfuil *binn* ina dtosach le fáil go flúirseach in iarthar chontae Chiarraí agus sa triantán idir Cathair na Mart, Conga agus an Clochán i gcontae Mhaigh Eo agus na Gaillimhe. Tá roinnt réasúnta díobh in iarthuaisceart chúige Uladh agus anuas chomh fada le Loch Aillíonn i gcontae Liatroma. Tá beagán sna Gaibhlte agus in iarthar chontae Mhaigh Eo, ach is ar éigean má tá dada le fáil sa chuid eile den tír. I gcomórtas le *sliabh* is iad is coitianta in iarthar chúige Uladh (*sliabh* san oirthear) agus i gcúige Chonnacht; tá an dá rud le fáil in iarthar chontae Chiarraí, ach is coitianta *binn*, go háirithe sa chuid ó dheas den chontae.

Arís is deacair rud ar bith tairbheach a rá faoi dheilbh na n-ainmneacha gan fianaise do na foirmeacha a bheith cuartaithe. Ach i gcoitinne gheobhadh duine an tuairim, d'ainneoin corrcheann cosúil le Binn Ghulbain, gur ainmneacha deireanacha atá i gceist, rud a mheas Nicolaisen (*Trans. Gaelic Soc. of Inverness*, XLV, 117) a bhí fíor freisin i gcás na hAlban. Tá réim níos leithne dathanna á húsáid le *binn* ná le *sliabh* (*bán* (5), *breac* (2), *buí* (2), *dearg* (1), *dubh* (1), *gorm* (3), *riabhach* (1)) agus is líonmhara go mór na hainmneacha a bhfuil dathanna i gceist iontu (15 as 73).

cruach

Ach oiread le *binn* ní eol dúinn ach brí amháin a bheith i gceist sa bhfocal seo. Ní heol dom an bhfuil an focal coitianta i logainmneacha in Albain, ach ní cheapaim go bhfuil.

Is mar seo atá na cnoic ar mo liosta a bhfuil *cruach* ina dtosach roinnte ó thaobh airde (57 ar fad a bhfuil a n-airde curtha síos agam):

0'-499'	500'-999'	1000'-1499'	1500'-1999'	2000' suas
5.26%	45.61%	29.82%	10.53%	8.77%

I gcomórtas leis na céatadán do na cnoic fré chéile (féach lch. 2 thuas), is ábhar iontais é, measaim, líon chomh hard d'ainmneacha le *cruach* a bheith le fáil faoi bhun 1000' (tá beagnach a leath idir 500' agus 999'). Idir sin agus an tuairim a thugas na céatadán os cionn 1000', ní cosúil gur airde (airde os cionn na farraige ar aon nós) is mó atá i gceist le *cruach*. Den trí fhocal is é seo is ísle céatadán os cionn 1500' agus is airde faoi bhun 1000'. D'fhéadfadh sé gur

tábhachtaí don mhír seo déanamh an chnoic ná a airde. Cruach Phádraig i gcontae Mhaigh Eo, 2510', an cnoc is airde a fuair leis an bhfocal seo ina thús agus Cruach na Sealg (?) (Croaghna-shallog) i gcontae Dhún na nGall, 397', an ceann is ísle.

Ó thaobh suíomh na n-ainmneacha líonann na hainmneacha a bhfuil *cruach* ina dtosach cuid de na bearnaí a fhágas an dá aicme eile. Go háirithe tá siad seo an-tréan i gcontae Dhún na nGall, taobh amuigh d'Inis Eoghain. Níl ach cinn fhánacha aon áit eile sa tír, ach b'fhéidir gur fiú a lua go bhfuil trí cinn sa cheantar enochach ar theorainn chontaetha Thiobhraid Árann—Phort Láirge agus go bhfuil trí cinn i gCorca Dhuibhne i gcontae Chiarraí (áit a bhfuil samplaí de gach mír acu le fáil).

Is deacair, ar ndóigh, mórán a rá faoi dheilbh na n-ainmneacha gan taighde, ach, i gcoitinne, féachann na hainmneacha deireanach. Tá *cruach*, agus go háirithe *cruachán*, le fáil sách minic ina n-aonar, gan aon fhocal eile a bheith leo. Ní fheicim ach ainm amháin a bhfuil dath i gceist ann (*breac*).

[Some notes on *sliabh*, *binn*, *cruach* in hill-names as shown on O.S. $\frac{1}{2}$ " maps. Analysis of hill-heights seems to indicate that *sliabh* and *binn* occur more frequently on the higher hills, whereas *cruach* is very common for lower hills. The distributions show the greatest concentration of *sliabh* in the north-east, of *binn* in west Kerry and in west Connaught, of *cruach* in Donegal.]

TWO OBSOLETE PLACE-NAMES IN CO. MEATH

J. OTWAY-RUTHVEN

Ath ferna is identified in the *Onomasticon* as Aghafarnan in the parish of Enniskeen, bar. Lower Kells. It seems, however, to be really the Affernan or Offernan of the medieval Anglo-Irish deeds, which was certainly in the barony of Lower Duleek, and seems to have consisted of the parish of Painestown, and probably Kentstown as well. At any rate, in the de Verdon partition of 1332 John Crauill is said to hold 20 ploughlands in Offerna: that is, an area of 2,400 acres, which would be equivalent to some 6,000 statute acres¹ which is the combined area of the two parishes (*Proc. R.I.A.*, 66 C, no. 5, p. 432). We hear of Offernan first in a series of undated charters which probably belong to the second half of the thirteenth century relating to "Rolandiston in Offerna in the tenement of Dyuleek" (J. Mills and M. J. McEnery, *Calendar of the Gormanston Register*, pp. 42-3), and the same phrase is used in dated charters up to 1361 (*ibid.*, pp. 42-4). In 1352 Rolandstown is described as near Paynestoun (*ibid.*, p. 45), and the *Civil Survey of Meath* shows it as one of the boundaries of the townland of Painestown, in which it has since been absorbed.

Mag Muireda is identified in the *Onomasticon* as probably the Murrough between Baldoyle and Portmarnock. It was, however, in the parish of Moorechurch, bar. Upper Duleek. In 1332 Fromund le Brune held five and a half ploughlands at Moymurthie (*Proc. R.I.A.*, 66 C, no. 5, p. 425), and in 1327 and 1357 Richardstown, par. Moorechurch, is described as in the tenement of Moymurthy or Maymorthy (*Gormanston Register*, pp. 25-6). Moorechurch existed by the beginning of the thirteenth century as the church of St. Mary de Prato, and had become the church of Mora by 1281 (E. St. J. Brooks, *The Irish Cartularies of Llanthony Prima and Secunda*, pp. 77, 237, and *passim*): it is common at this period to find tenement used to describe an area which was also a parish, and it is very likely that Mora and Moymurthy were alternative names. By 1540, however, Mymordry was one of the townlands of the parish of Moorechurch (C. MacNeill, *Extents of Irish Monastic Possessions*, p. 315), and in the first half of the seventeenth century it appears in inquisitions as Moymordry alias Mymorthy, Moynarde and Moynardry (*Inquisitions*, Meath, Charles I, nos. 153, 157, 160). The *Civil Survey of Meath* shows that it was at this time the area contained in the modern townlands of Briarleas and Mosney.

1. For the equation of the acre of the documents with $2\frac{1}{2}$ statute acres, which seems to be generally correct for the middle ages, see *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 1889, p. 35.

LOGAINMNEACHA Ó BHARÚNTAcht
MHAIGH FHEARTA, CO. AN CHLÁIR—III

BREANDÁN Ó CÍOBHÁIN

Féach *Dinnseanchas* III, 38, 99 le haghaidh nótaí eagarthóireachta a bhaineann leis an sraith seo. Sholáthraigh na cainteoirí breise seo eolas chomh maith leo siúd atá ainmnithe ar na leathanaigh sin: Micheál Bradley (80), Dún Fhathaigh (N), Éamon Gineá (80), Ráth Úna (0), Micheál Ó Maoileanaigh (70), Ceathrú na bhFaoilleán (P); Micháel Mac Domhnaill (70), Réithe (Q); Pádraig Mac Mathúna (70), Ceathrú na bhFaoilleán (R).

Sé 0 an t-aon Ghaeilgeoir ina measc, ach is fada é gan taithí ar labhairt na teanga.

Paróiste Mhaigh Fhearta

BELLIA (B)	'b'el'ə
BREAGHVA (BR)	'b'r'e:fə, 'b'r'i:fə
1. Lisheen River	
CAMMOGE (CAM)	kə'mo:g (N, O)
1. An Bád Beag (=2)	əN,bu:d'b'eg
2. The Ferry (=1)	Də'f'eri: (O)
3. Poll an Chapail	,pəuLə'kapəl' (N)
CARRIGAHOLT TOWN (C)	,karəg'ə'xəuLTə, ,karəg'ə'həuLTə (C, M, O)
	,karəg'ə'həuLTəg' (O), ,karəg'əN'xəuLTəg' (O)
CARROWAWEELAUN (CAR)	k'ar,hu:'Nəwəi'l'a:N, k'ahə,ru:wəi'l'a:N (C), k'ar,hu:'Nəwə:l'a:N (O)
1. Aill an Fhíonaigh	,əil'ə'ni:nə (D), ,əil'ə'n'i:nə (F)
2. An Baile Nua (=13)	əN,bal'ə'Nu:
3. Na Balláin	Də,hə'lə:Nz (D)
4. Béal Aill an Fhíonaigh	'b'i:əL,əil'nə'n'i:nə (D)
5. Bealanaglass or Goleen Bay (=6)	
6. Béal Átha Glais (=5)	,b'i:Lə'hə'gLaʃ (O)
7. The Black Clif	Də,b'l'a'k'l'if't' (F)
8. Gabhag an Spá	,gəugə'sbə: (D, P)
9. Góilín Bhéal Thulaigh Glais (=10)	go:l'i:n',v'i:LhəLə'gLaʃ
10. Goleen Bay or Bealanaglass (=9)	
11. Lacknabarnagh (=12)	

12. Leac na mBairneach (=11) ,l'akNə'ma:r'n'əx
13. Newtown (=2)
14. Poll an Chragaide ,pəuLə'krəgəDə (F),
,pəuLə'krəgər'ə (P)
,pəuLən'i:'hu:n' (F),
,pəuLən'i:'hu:n' (P)
15. Poll an Níocháin Də,pəuL'Duv (F)
16. An Poll Dubh pəuL'gorəm (F, P)
17. Poll Gorm ,pəuL.Nə'mik'ə (F, I)
18. Poll na Muice ,pəuLə'jd'a:rd (F)
19. Poll Risteard ,fərə'b'eg' (F)
20. Siorra Beag ,fərə'mu:r' (F)
21. Siorra Mór ə'sbə: (F)
22. An Spá ,sbərəi'l'i:n' (F)
23. Spor Aillín

CLAREFIELD (CL)

CLOONCONEEN (CLO)

1. Cloch an Ghleamaigh
2. Luimneach Bheag
DOONAHA EAST (DE)
Də:'Nahə, id. (O), Du:'Nahə (C, J)
Du:'Nu:hə (O)

DOONAHA WEST (DW)

1. Glaisín
2. Glaisín Buoy
3. Lisroneen
4. Lisfuadnaheirka
5. Tuama Cheatharnaigh an
Chuibhrinn
6. Tuama Thaidhg Ui Laoire
FURROOR UPPER (FU)

FURROOR LOWER (FL)

1. Lisboy
KILCASHEEN (KC)
1. Cill Chaisín
KILCREDAUN (KCR)

1. Aill an Dréimire
2. Carraig an Dréimire (=8)
3. Cloch an Ghleamaigh
4. An Cnocán
5. An Cúl Riabhach

,k'l'əuNkə'n'i:n',
id. (M), ,kLəuNkə'n'i:n' (C, J)
,kLoxə'g'l'aməg'
,Lim'in'əx'v'jəg', id. (C, J)
Du:'Nahə, id. (O), Du:'Nahə (C, J)
Du:'Nu:hə (O)

gLa'ʃi:n', id. (N)
gLa,ʃi:n'bəi

fru:r'hir', fru:r', id. (C),
'fru:ər, id. (O)

,k'ail'ka'ʃi:n' (O)

,k'i:l'xrə'Du'ən',
,k'ail'xLə'Du'ən',
,kail'xrə'Du'ən' (C),
,k'ail'xər'Du:N (O)
,ail'ə'd'r'ɛ:m'ər'ə, id. (M)
,karəg'ə'd'r'ɛ:m'ər'ə, id. (I, L)
,kLoxə'g'l'amə (M)
əN,kNə'ka:N (M)
Də,ku:L'ri'əx (Q), ku:L'ri'əx (M),
ku:L'ri'əg' (L), ə,ku:l'ri'əg' (L)

6. Gabhag an Dréimire ,gəʊgə'd'r'ɛ:m'ər'ə
 7. Gabhag an tSaighdiúra ,gəʊgəsəi'l'u:rə (Q)
 8. Ladder Rock (=2)
 9. Poll na nGardai ,pəʊL.Nəgə:r'Di: (L),
 ,pəʊLəɣər'Di: (M)
 10. Scoilt na Rón ,sgol't'Nə'ru:N (M)
 11. An Teampaillín (=13) ən't'əumpəl'i:n' (M)
 12. Teampall Shéarlais
 13. Templeanard (=11)
 14. An Tobar Beannaithe (=15)
 15. Tobercredaun (=14)
 KILLEENAGH (KGH) in'k'i'l'i:n'əx
 1. Lisroe k'i'l'in'ə, k'ai'l'in'ə,
 KILLINNY (KNY) k'i'l'in'əv' (C), k'i'l'i:n'ə (O)
 1. Lisnagreeve ,krukNəg'ar'hu:N,
 KNOCKNAGARHOON ,kNukNəg'ar'hu:N (C)
 (KNG) Dəil'və:N (F)
 1. An Aill Bhán ,əil'nəm'ə'nə:n (F)
 2. Aill na Mionnán Də:r'Dəil' (F)
 3. An Ardaill
 4. Ayle Də,b'il'd'ən'grəun'd' (F)
 5. The Building Ground Də'Lu:b (D, F)
 6. An Lúb
 7. Oldtown
 LISHEENCRONY (LC) ,l'ifi:n'kro:n'ə,
 ,l'ifi:n'xro:n'ə (C),
 ,l'ifi:n'kro:Nə, id. (M, O)
 k'ail'kro:nə
 1. Cill Cróine (=2)
 2. Kilcrony Church (=1)
 3. Lios Fhinn
 4. Lisheencrony Nə,mu:'xə:n'
 5. Lismadine
 6. Lismaguine
 7. Na Múcháin
 8. Poll na gCoileach
 9. Poulmagolloor
 10. Tobercrony
 11. An Trá Bhán (=12)
 12. White Strand (=11)
 LISHEENFURROOR (LF) əN,Trə:'wə:N
 MOVEEN EAST (ME) ,l'ifi:n'fru:r', ,l'ifi:n'fru:r (O)
 mə'v'i:n', id. (C, O), mu'v'i:n' (O)
 1. Aill Dhiarmada əil'ji:rəDə (D)
 2. Aill na nGabhar ,əil'Nə'gəʊr (H)
 3. Na Comhraí Də,ko:r'hi:z (R)

4. Na Cormada Nə'korməDə (R),
 Də'korə,məDə (P)
 5. Na Dumhcha Beaga (=6) Də,Du:xə'b'eg'ə (R)
 ,d'u:hə'b'eg'ə (P)
 6. Doughabegga (=5)
 7. Grean Rock
 8. Illaudoon
 9. The Sailer's Grave Də,se:l'ərz'gre:v' (P)
 MOVEEN WEST (MW)
 1. An Aill Bhriste ,Dəil'v'r'ifd'ə (P)
 2. An Bhró Də'bro: (D, F)
 3. Caisleán Dúin Lice (=5)
 4. Castle Point
 5. Doonlicka Castle (=3)
 6. Dún na Lice ,Du:Nə'l'ik'ə
 7. Gattaphilenatraw (=8) 'g'aTə,wəil'ə'Tru: (P)
 8. Geata Faill na Trá (=7)
 9. Illaunavaur
 10. Illaunonearaun (=15, 16)
 11. The Lantern Də'l'anTərn (F)
 12. Leac an Bhuilg ,l'akə'wil'əg' (H)
 13. Lisduff
 14. Lisroe
 15. Oileán an Fhéaráin (=10, 16) ə,l'ɑ:Nən'i:rə'nə', id. (C)
 16. Oileán Healy (=10, 15) l'ɑ:N'hə:l'i:
 17. Poll an Chapaill ,pəʊLə'kapəl' (P)
 18. Poll an Chait (=19) ,pəʊLə'kət' (P), ,pəʊLə'xit' (H)
 19. Poulmagat (=18)
 20. Poulmagun

- MOYARTA EAST (MYE) 'mə:rTə, id. (C, M, O)
 'hɑ: ,xarəg'ə'xəʊLTə
 1. Bá Charraig an Chabhaltaigh (=2)
 2. Carrigaholt Bay (=1)
 3. Cill Mhaigh Fhearta
 4. An Feorann ,k'ail'və:rTə
 5. Lissyhunna ən'f'jo:rən (M)

- MOYARTA WEST (MYW)
 1. An Cé (=4, 5) in'k'ɛ:ə
 2. An Crompán əN,kru:m'pə:N,
 əN,krəum'pə:N (M)
 3. Lissagreenaun

4. Old Quay (=1, 5)
5. An Seanché (=1, 4)

NEWTOWN EAST (NE)

1. St. Martin's Well

NEWTOWN WEST (NW)

QUERRIN (Q)

1. Barr na Leac
2. Bríd Thaidhg's
3. Corlis (=4)
4. Corrlis (=3)
5. Gabhag an Mhadra
6. Poll Bog
7. Red Village
8. Teampall Míoch (=9)
9. Templemeagh (=8)
10. Tobar Mhichíl

RAHANISKA (R)

1. Lios na Fallaingé (=2)
2. Ráth an Uisce (=1)

RAHOONA EAST (RE)

1. Na Cloiginn
2. Lissanuola
3. Páirc na Sceach
4. Poll an Phortaigh (=5)
5. An Portach Báite (=4)

RAHOONA WEST (RW)

RINEMACKADERRIG (RMD)

1. An Cé Nua (=3)
2. An Furry Hill
3. New Quay (=1)
4. Ród Charraig an Chabhaltaigh
5. Tobersenán

SHANGANAGH (S)

TULLAROE (T)

ə, jaNə'x'ɛ:

ˌbʊl'ə'Nu: (O)
se:n't'ma:rt'ənz (N)

əN'ki:rən, id. (C)
ˌbʊ:rNə'tak, id. (N)
b'r'i:d'haig'z (N)

'kɔ:rl'əs, id. (N)
ˌgəʊgə'vəDərə (N)
pəʊL'bog (N)

t'əʊm, əL'm'r'ax (N)

ˌTobərv'ə'hi:l', id. (N)

ˌrɑ:hə'Nifg'ə,
ˌrɑ:hə'n'ifg'ə (N, O)

ˌrɑ'hʊ:Nə, rə'hʊ:Nə, id. (C, M, O),
ˌrɑ:həʊNə (O)
Nə'kLig'ən'

ˌpɑ:r'k'Nə'fg'əx (O)
ˌpəʊLə'fɔrTəg', id. (M)
əN, pərTəx'hə:t'ə,
ˌpərTəx'hə:t'ə (K)

'rəɪn', v'ik'əd'ir'əg', id. (M),
'rəɪn', məkə'd'irəg' (O)
(dtí) Ng'ɛ:'Nu:
əN, fəri'hil'

'rɔ:D, xarəg'ə'xəʊLTə

ʃi'Nə:Nəx, ʃə'n'ən'əx (N)

t'ʊlə'rɔ: (O)

12

NÓTAÍ

[Nodanna:O.S.L.—litreacha suirbhéarachta a scríobh Eoghan Ó Comhraí sa bhliain 1835. F.P.—an dréacht tosaigh den léarscáil ordanáis a deineadh in 1840. N.Book—Name Book inar scríobhadh nótaí ar logainmneacha le linn na suirbhéarachta in 1840.]

CAM.

- 1, 2. Mar logainm anois ar an áit a mbíodh bád calathóireachta, tráth.

C. Deir A. de Bláca: “Bhí an charraig, d'airigh mise, áit éigin amuigh insa mbá, ach ní chiféa in aonchor í. Long a tháinig ann ósna hOlltaigh thuaidh fadó, agus bhuaíl sí ar an gcarraig agus cailleadh í. Ní fheadar an raibh sí chun Carraig an Chabhaltaigh a thógaint. Ansan glaoth Carraig an Olltaigh ('aʊLTə) uirthi (an charraig)”.

CAR.

3. Carraigeacha fada san uisce.
4. Bá bheag.
8. Tá tobar ann ag bun na faille.
14. Gabhag bheag.
15. Poll sa leac a líonann le sáile. Deintear snámh ann.
16. Gabhag.
17. Mar 15.
23. Bior faille.

CL. “Gort a' Chláraigh”—N.Book.

CLO. Tugtar faoin ainm a mhíniú mar “Gleann Coinín” uaireanta.
“Cluain Coinín”—N.Book.

2. Sráidbhaile beag ná fuil ach cupla tigh fágtha anois ann. Deir A. de Bláca: “Sé an chiall a fuair sé an ainm, bhí daoine anchrosta ann. Sin é a dúirt seanfhear liomsa”. Deir M go gcuireadh daoine ó Luimneach fúthu ann ar feadh leath na bliana, ag bailiú dilisc agus miongán, agus “ag féachaint amach ar na schooners”.

DW. “Dún Athaigh, Fhathaigh”—N.Book. Féach 4.

2. Tá banc ann. Tá “Doonaha Shoal” ar an Admiralty Chart 1547.
3. Féach 4.
4. “Lios Fuaid na hAdhairce”—N.Book.

“Dún Athaice or Lios na Fuadh. It occupies the extreme edge of a moderate ridge, skirted west, south and east by a noisy little stream.—I know this spot well, being born and reared within forty paces of it. There are many spots about the place traditionally known as the graves of persons slain in combat by Fuaid na hAdhairce, such as Tuama Thadhaig Uí Laoghair, Tuama Cheatharnaic an Chuíbhrrinn, and Fuadh na hAdhairce still maintains a respectable and prominent place in the numerous legends of this neighbourhood, as my bare shins and toes could well attest on many a hard winter night, some twenty years ago”.—O.S.L.

Ón gcuntas seo is léir gurb é seo an lios ar a bhfuil “Liscroneen” ar an léarscáil. Tá rian tí Uí Chomhraí le feiscint fós.

- 5, 6. Féach 4.

KC.

1. “Cill Chaisín”—N.Book.
“This was a deserted burying place in the year 1739, but in the ensuing year

when famine and pestilence raged through the country and dead human bodies were to be met with by the roads and ditches, my grandfather Melachlin-Garbh-O'Comhraidhe, who tenanted at will (being a Papist) the tract of land now called Moveen and in which Kilcasheen is situated, employed himself, his workmen, his horses and sledges in carrying the victims of the plague from all parts of the neighbouring district and burying them here, so that it has continued ever since to be a burial place, though not a popular one".—O.S.L.

KCR. "Tá bád sa gcill (g'ail)" adeireadh píleoitithe Chill Bheathach nuair a bheadh bád chun ancaire soir isteach ó Chill Chrodáin, sé sin i Ród Charraig an Chabhaltaigh.

1. Deir A. de Bláca ná féadfaí dul síos ann gan dréimire.
5. Bá bheag.
9. Tá an ainm seo truaillithe, ach tuigim as gur gardaí cósta atá i gceist.
12. "called Teampall Shearlais, from Charles Mac Donnell Esq. having been buried in it".—O.S.L.
13. "Teampull an Aoirid, the church of the height"—N.Book.
- 14, 15. "Tobar Chrodáin"—N.Book.
"At the bottom of a cleft in the very face of the headland is the fresh water Holy Well of St. Cradaun, ranking amongst the most popular wells in Ireland for the cure of all diseases, but more especially diseases of the eyes and limbs. The well is sunk in the solid rock and is overflowed by the salt sea at every full tide, but the moment the tide recedes the water in the well is as pure and fresh as ever. There is a small cave or recess in the cliff behind it in which people are in the habit of spending whole nights in prayer in fulfilment of vows made in times of danger from sickness, drowning etc. There is a large heap of small stones and pebbles on the bank above, deposited there by the votaries while performing the Turras".—O.S.L.
Deir A. de Bláca gur deartháireacha iad na naoimh Cuán, Crodán agus Cróna.

KGH. "Cill-Fhinídeach"—O.S.L.

1. "Lios Ruadh"—N.Book.

KNY. Bhí sé le braith ar na cainteoirí go raibh an ainm seo agus KGH imithe in achran orthu.

"Cill Eithne, Cill Ithne, Cill Finne"—N.Book.

Deir A. de Bláca: "Tá cill ann leis. Bhí mise ag obair an áit a bhfuil sí ar an bpáirc. Cill a' Linbh—leanaí a cuireadh ann.—na clocha leagtha ar an ardáinín beag. Clocha bána isea iad agus tá poill iontu, timpeall $\frac{1}{2}$ orlach nó mar sin, chun coinne a choinéáilt. N'fheaca mé ballaí ná faic ann ach go bhfuil ardán ann".


1. "Lios na gCraobh"—N.Book.

KNG. I gcaint na háite is ionann ceathrúna agus páircanna cearnacha, sé sin, talamh a roinneadh suas go rialta.

3. Deintí iascach óna bharr.
5. Páirc. Deir F "The landlord kept it for building there for themselves".
6. Casadh mór sa bhfaill.

LC. "Lisín Cróine"—N.Book. Deir A. de Bláca gur deartháireacha iad na naoimh Cuán, Crodán agus Cróna. Féach 3.

1. "Cill Cróine"—N.Book.
- 3, 4. "From Carrigaholt east about a mile and a half, a line of seven forts runs



TREOIR DO LOGAINMNEACHA
I PARÓISTE MHAIGH FHEARTA

Bunaithe ar an Suirbhéireacht Ordánais le cead an Rialtais (Ceadúnas Uimh 1483)

from Lios Mhac Fhinn on the river to Lios Fhinn on the very edge of the bog, distance about one mile. They are all in one Townland named Lis-Fhinn".—O.S.L.

Is í mB.F. Lisheencrony atá na liosanna, agus ní foláir mar sin, nó gur thuig Ó Comhraí "Lios Fhinn" ón ngiortúchán "Lisheen".

5. "Lios Moch Doimhin, fort of the deep plain"—N.Book.
6. Féach 3.
7. "A village"—N.Book. "Bhí titheanna móra ann" a dúirt A. de Bláca. Tá sráidbhaile beag ar an F.P.
8. Ní fhuarathas leagan foghraíochta de seo.
10. "The Holy Well of St. Croine is situated within the churchyard a little to the west of the church, at which stations continue to be performed still, and the cure of soreness of the eyes expected in return".—O.S.L.

ME. "Magh mhín"—N.Book.

3. Dhá pholl ar thaobh na faille.
4. Gabhag a dtagadh a lán adhmaid isteach inti.
7. "Grian Rock"—F.P.
9. "Spanish sailors came in there the time of the Armada" (?) a dúirt P.

MW.

2. Tuar soinne an fharrage a chloisint ag briseadh ar an gcarraig seo.
3. "Caislean-Duin-Lice—belonging to Tirlagh Mac Mahon in ms. T.C.D. Class E.2. 14"—O.S.L.
Deir H: "The man that was in the castle, Ceann Duach (k'jəuN'Du:x), he was married to a girl from the castle of Carrigaholt. She was Mac Mahon".
10. Bhíodh caoire ar féarach ann.
14. "Lios Ruadh"—N.Book.
16. Ba le Healy an talamh laistigh de.
17. Poll cruinn doimhin ina ndeintí iascach ón leac.
19. Báití cait ann.

MYE. "Magh Fhearta [*sic*], plain of the graves"—N.Book.

3. "Moyarta Graveyard" atá ar an léarscáil.
4. "A small village"—N.Book.
5. "Lios Uí hUnna, O'Hunna's fort"—N.Book.

MYW.

1. Tá so sa chaint mar ainm ar Charraig an Chabhaltaigh.
2. Abha.
3. "Lios a Ghrianáin"—N.Book.

NE.

1. "A holy well called after St. Martin and at which Stations are still performed"—N.Book.
- Q. "Cuibhreann, a dividend. Cluain Cárthainn"—N.Book.
2. Bhí cónaí ar Bhríd Thaidhg ann "till the thunder hit the clift outside the house" mar a dúirt N.
3. "called Cór Lios from its occupying a little angle made by a small creek with the river".—O.S.L.
5. Báitear madraí sa pholl a bhriseann ó thóin na gabhaige tríd an dtalamh in airde.
7. Ar an F.P. amháin.
8. "Teampall-Meadhach or Meade's Church. This is now a popular burying place, altho' within my own recollection no one but children and strangers would be buried in it, because it was not believed to be the site of a church

or consecrated ground. This burial place is traditionally believed to have derived its origin from the following circumstance: "A Williamite soldier of the name of John Meade got a settlement somewhere about Milltown-Malbay, at the same time that one of Lord Clare's Kearnes had located himself in the wood of Querrin. This Kearne who is believed to be one of the Mac Mahons—favored John Meade with a visit, on which occasion—carrying away with him oxen and sheep—was able to gain his own residence—and waited the coming of the enemy.—Meade's party—tearing down the house—and then jumping down—victory for a long time seemed doubtful.—Meade was the bravest man. The Kearne finding him in close engagement—stole behind him and plunged a long knife into his side.—every man of Meade's party was killed. The bodies were all carried to about a mile to the west, where they were buried on the brink of a little creek by the Shannon".—O.S.L.

10. Tobar fíoruisce a bhíonn foilithe ag leath mara. Tugtaí turas ann.

R.

1, 2. "Rath an Uisce or Lios na Fallaingne. It is the principal abode of the 'good people' of this quarter, and various stories of their good and evil acts are on current record in the surrounding district".—O.S.L. "Fort Mantle"—F.P.

RE. Tuigeadh do A. de Bláca gur Úna, iníon ie Tadhg Caoch a bhí i gcaisleán Charraig an Chabhaltaigh atá i gceist anso—"Maran réidhscair a fuair sí nó aon rud, nuair a glaoth'na deaghaidh Ráth Úna, Réidh Úna". "Ráth Úna"—N.Book agus O.S.L.

2. "Lios an Úala, Liosan Nuala, Nuala's little fort"—N.Book.

RMD. "The son of the redhaired man, it was thought" (O).

"Rinn Mhic a' Deirg, point or promontory of the son of Derg"—N.Book.

4. Féach KCR.

S. "Sean-ánach", "Seangánach, a place of pismires or ants"—N.Book.

T. "Tulaigh Ruadh, Tula Ruadh"—N.Book.

A list of names from the parish of Moyarta, in the barony of Moyarta, Co. Clare.

FOILSEACHÁIN 1969

Tá anseo thíos liosta de leabhair agus d'ailt i dtréimhseacháin a bheadh fóinteach don té a mbeadh spéis aige i logainmneacha. Beimid buíoch as ucht easnaimh sa liosta a chur in iúl dúinn.

I gcás leabhair tugtar an t-údar, an teideal, an foilsitheoir agus an dáta (ach fágtar an dáta amach más 1969 an dáta atá tugtha). I gcás ailt i dtréimhseachán tugtar an t-údar, an teideal agus teideal an tréimhseacháin.

Ní luaitear ar leithligh: na hailt in *Dinnseanchas féin*.

Aalen, F. H. A., and Brody, H., *Gola: the Life and Last Days of an Island Community*. Mercier Press, Cork.

Aimneacha Gaeilge na mBaile Poist. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.

Aldridge, R. B., "Notes on Children's Burial Grounds in Mayo". *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, XCIX, 83.

Andrews, J. H., "An Elizabethan Map of Kilmallock". *North Munster Antiquarian Journal*, XI, 27 (1968).

Archaeological Bibliography for Great Britain and Ireland, 1967. Council for British Archaeology, London.

Aspects of Irish Social History 1750-1800. Stationery Office, Belfast.

Binchy, D. A., "St. Patrick's 'First Synod'". *Studia Hibernica*, VIII, 49 (1968).

Birchistle, D., "Inistioge". *Old Kilkenny Review*, XXI, 31.

Blackall, Sir H., "The Galweys of Munster". *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, LXXIV, 71.

Bowen, E. G., *Saints, Seaways and Settlements in the Celtic Lands*. University of Wales Press, Cardiff.

Bowen, E. G., "The Irish Sea in the Age of the Saints". *Studia Celtica*, IV, 56.

Brunnicardi, D. N., "Is Haulbowline a Norse Name?" *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society*, LXXIV, 50.

Buggy, M., "A Note on Three Castles Cemetery". *Old Kilkenny Review*, XXI, 15.

Cameron, K., *English Place Names*. Methuen and Co., London.

Case, H. J., Dimpleby, G. W., Mitchell, G. F., Morrison, M. E., and Proudfoot, V. B., "Land Use in Goodland Townland, Co. Antrim, from Neolithic Times until Today". *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, XCIX, 39.

Clarke, R. S. J., *Gravestone Inscriptions*, III (Co. Down). Ulster-Scot Historical Foundation, Belfast.

Coleman, W. G., "The Bailieborough Estate". *Bréifne*, III, 391 (1968).

- Collectanea Hibernica*, No. 11. Irish University Press, Dublin (1968).
- Collins, A. E. P., "Settlement in Ulster, 0-1100 A.D." *Ulster Journal of Archaeology*, XXXI, 53 (1968).
- Coull, J. R., "Fisheries in the North-East of Scotland before 1800". *Scottish Studies*, XIII, 17.
- Cox, L., "The Mageoghans". *Ríocht na Midhe*, IV, no. 3, 63.
- Cox, L. F., "Tseal Chiarain, the low place of St. Ciaran, where was it situated?" *Journal of the Old Athlone Society*, I, 6.
- Coyle, T., "Inistioge District". *Old Kilkenny Review*, XXI, 17.
- Culhane, T. F. "Traditions of Glin and its Neighbourhood". *Journal of the Kerry Archaeological & Historical Society*, II, 74.
- Cullen, L. M., *The Formation of the Irish Economy*. Mercier Press, Cork.
- de Brún, P., "Lámhscribhinní Thorna—addenda". *Éigse*, XIII, 50.
- de Lion, C., *The Croghan Valley*. Kamac Publications, Dublin.
- de Paor, L., "Excavations at Mellifont Abbey, Co. Louth". *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 68 C 2.
- de Rís, S., *Peadar Ó Doirnín*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- Dillon, M., Mooney, C., and de Brún, P., *Catalogue of Irish MSS. in the Franciscan Library Killiney*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Dinnseanchas*, III, 3, 4. An Cumann Logainmneacha, Baile Átha Cliath.
- Egan, Rev. P. K., "Oultachs in County Galway". *Clogher Record*, VII, 115.
- Eogan, G., "Excavations at Knowth, Co. Meath, 1968". *Antiquity*, XLIII, no. 169, 8.
- Evans, D. E., "Druids as Fact and Symbol". *Antiquity*, XLIII, no. 170, 132.
- Evans, E., "Some East Ulster Features in Inishowen Irish". *Studia Celtica*, IV, 80.
- Evans, E., "The Irish Dialect of Urris, Inishowen, Co. Donegal". *Lochlann*, IV, 1.
- Evans, E. E., "Archaeology in Ulster since 1920". *Ulster Journal of Archaeology*, XXXI, 3 (1968)
- "Fields". *The Bridge* (Ballinrobe), 73.
- Freeman, T. W., *Ireland: A General and Regional Geography*. Methuen & Co., London.
- Gaughan, J. A., *Donraile*. Kamac Publications, Dublin.
- Gelling, M., "English place-names derived from the compound *wichām*". *Medieval Archaeology*, XI, 87 (1967).
- Grimes, S., "The Changing Rural Landscape of North Leitrim from Mid-Seventeenth Century to Mid-Nineteenth Century". *Bréifne*, III, 340 (1968).
- Guide to the Contents of the Public Record Office*, vol. III. Documents transferred 1960-1966. Stationery Office, London (1968).
- Hadden, Dr. G. W., "The Origin and Development of Wexford Town". *Journal of the Old Wexford Society*, I, 5 (1968).
- Hamilton, Mons. M., "Word-List from Clonlara, Co. Clare". *North Munster Antiquarian Journal*, XI, 81 (1968).
- Hayes-McCoy, G. A., *Irish Battles*. Longmans, Green & Co. Ltd., London.
- Henchion, R., "The Gravestone Inscriptions of Co. Cork—IV". *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society*, LXXIV, 34.
- Horner, A. A., "The Pre-Famine Population of some Kildare Towns". *Journal of the Co. Kildare Archaeological Society*, XIV, 444.
- Irish Historical Studies: Supplement I, Index to vols. I-XV*. Dublin University Press.
- Jennings, Rev. B., *Louvain Papers 1606-1827*. Irish MSS. Commission, Dublin (1968).
- Kelleher, J. V., "The Pre-Norman Irish genealogies". *Irish Historical Studies*, XVI, 138 (1968)
- Kerrigan, Dr. S. P., "Notes on Donaghmore Parish". *Donegal Annual*, VIII, 103.
- "Kilmore Clergy List of 1723". *Bréifne*, III, 410 (1968).
- Leech, R. H., "*Cogadh Gaedhel re Gallaibh* and *The Annals of Inisfallen*". *North Munster Antiquarian Journal*, XI, 13 (1968).
- Livingstone, P., *The Fermanagh Story*. Cumann Seanchais Chlochair, Enniskillen.
- Lucas, Dr. A. T., "Irish-Norse Relations". *Journal of the Old Wexford Society*, I, 17 (1968).
- Mac an Ghallólaigh, an tAth. D., "Canúint Mhuintir Chionnaith agus Chlann Fhearmaighe". *Bréifne*, III, 299 (1968).
- MacCarthy, C. J. F., *Early Medieval Cork*. Tower Books, Cork.
- Mac Náimhsí, B., "Nioclás Ó Cearnaigh". *County Louth Archaeological Journal*, XVI, 233 (1968).
- McCracken, E., "Two Eighteenth Century Surveys at Castlefin". *Donegal Annual*, VII, 313 (1968).
- McCracken, E., "Woodlands of North Leinster in the 17th and 18th Centuries". *Journal of the Co. Kildare Archaeological Society*, XIV, 431.
- Mac Iomhair, Rev. D., "The Family of Hatch of Ardee". *County Louth Archaeological Journal*, XVI, 205 (1968).
- Mac Iomhair, Rev. D., "Townland Survey of County Louth". *County Louth Archaeological Journal*, XVI, 254 (1968).
- MacLysaght, E., *The Surnames of Ireland*. Irish University Press, Dublin.
- Mac Niocaill, G., "The Proportional Method in Dating Irish Texts".

- Studia Celtica*, III, 47 (1968).
- Masterson, H. T., "Land Use Patterns and Farming Practice in County Fermanagh 1609-1845". *Clogher Record*, VII, 56.
- Moody, T. W., "A new history of Ireland". *Irish Historical Studies*, XVI, 241.
- Moody, T. W., and Sims, J. G., *The Bishopric of Derry and the Irish Society of London, 1602-1705*, I. Irish MSS. Commission, Dublin (1968).
- Mooney, C., O.F.M., "A Ghost-Friary in Co. Armagh". *Seanchas Ard Mhacha*, V, 34.
- Mooney, Fr. C., "St. Anthony's College, Louvain". *Donegal Annual*, VIII, 18.
- Moore, Dr. A., "The Cell of the Canonesses Regular of St. Augustine at Clonoghill". *Journal of the Old Athlone Society*, I, 15.
- Moyles, M. G., and de Brún, P., "Charles O'Brien's Agricultural Survey of Kerry, 1800". *Journal of the Kerry Archaeological & Historical Society*, II, 108.
- Mullin, T. H., *Families of Ballyrashane*. News Letter Printing Co., Belfast.
- Neary, M., "In Search of a Louth Family: The Nearys". *County Louth Archaeological Journal*, XVI, 239 (1968).
- Nicholls, K. W., "The Lisgoole Agreement of 1580". *Clogher Record*, VII, 27.
- Nicolaisen, W. F. H., "Falkirk". *Scottish Studies*, XIII, 47.
- Nicolaisen, W. F. H., "Gaelic *tulach* and *barr*". *Scottish Studies*, XIII, 159.
- Nicolaisen, W. F. H., "Norse settlement in the Northern and Western Isles: Some place-name evidence". *Scottish Historical Review*, XLVIII, 7.
- Nicolaisen, W. F. H., "The Distribution of Certain Gaelic Mountain-Names". *Transactions of the Gaelic Society of Inverness*, XLV, 113.
- Norman, E. R., and St. Joseph, J. K. S., *The Early Development of Irish Society: the Evidence of Aerial Photography*. Cambridge University Press.
- Ó Buachalla, B., *Peadar Ó Doirnín: Amhráin. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath*.
- O'Callaghan, J., "Monksgrange". *Journal of the Old Wexford Society*, I, 20 (1968).
- Ó Ceallaigh, S., *Eoghan Ó Gramhnaigh. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath* (1968).
- Ó Corráin, D., "Studies in West Munster History: II, Alltraighe". *Journal of the Kerry Archaeological & Historical Society*, II, 27.

- Ó Cuív, B., *A View of the Irish Language*. Stationery Office, Dublin.
- Ó Doibhlin, É., *Domhnach Mór. Clólan na Struaile, An Ómaigh*.
- Ó Doibhlin, an tAth. É., "Domhnach Mór, part VI". *Seanchas Ard Mhacha*, V, 140.
- Ó Dufaigh, S., "Gluaiseanna ó Mhuineachán le Foclóir Uí Raghallaigh". *Clogher Record*, VII, 108.
- O'Duffy, B., "Tobar Aibheog, Lismullyduff: Its Traditions and Associations". *Donegal Annual*, VII, 274 (1968).
- Ó Fiaich, an tAth. T., "The Church of Armagh under Lay Control". *Seanchas Ard Mhacha*, V, 75.
- Ó Fiannachta, P., "Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na nGael sa Róimh". *Studia Celtica*, III, 53 (1968).
- Oftedal, M., "Notes on Leurbost Gaelic—A Supplement". *Lochlann*, IV, 270.
- O'Kelly, O., *Kilkenny: a History of the County*. Kilkenny Archaeological Society.
- Ó Máille, T., *Micéad Mhac Suibhne agus Filidh an tSléibhe. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath* (athchló).
- Ó Máille, T. E., "Cam in Áitainmneacha". *North Munster Antiquarian Journal*, XI, 64 (1968).
- Ó Murchadha, D., *History of Crosshaven*. Cork Historical Guides Committee (1967).
- Ó Murchadha, D., "The Uí Mhurchú or Murphys of Muskerry, Co. Cork". *Journal of the Cork Historical & Archaeological Society*, LXXIV, 1.
- Ó Raifeartaigh, T., "The life of St. Patrick: a new approach". *Irish Historical Studies*, XVI, 119 (1968).
- Ordnance Survey Memoirs of the Parish of Antrim*. Stationery Office, Belfast.
- Ó Riain, P., "Lámhscríbhinní Gaeilge i gCill Chaoi". *Éigse*, XIII, 33.
- Oskamp, H. P. A., "Notes on the History of Lebor na hUidre". *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 65 C 6 (1967).
- Ó Súilleabháin. "Tuath Siosta na bhFionna-Bhrú nAolta". *Journal of the Kerry Archaeological & Historical Society*, II, 102.
- Pierce, G. O., *The Place-Names of Dinas Powys Hundred*. Cardiff University Press (1968).
- Place names on maps of Scotland and Wales*. Ordnance Survey, Southampton.
- Praeger, R. L., *The Way that I Went*. Allen Figgis Ltd., Dublin (athchló).
- Proceedings of the IXth International Congress of Onomastic Sciences, 1966*. International Centre of Onomastics, Leuven.
- Proceedings of the 10th International Congress of Onomastic Sciences,*

1969. Verlag der Wiener Medizinischen Akademie.
- Radford, C. A. R., "The early church in Strathclyde and Galloway". *Medieval Archaeology*, XI, 105 (1967).
- Raftery, B., "A Newly-discovered Hillfort at Garrangrena Lower, Co. Tipperary". *North Munster Antiquarian Journal*, XI, 3 (1968).
- Raftery, B., "Freestone Hill, Co. Kilkenny: an Iron Age Hillfort and Bronze Age Cairn". *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 68 C 1.
- Richards, M., "Ecclesiastical and Secular in Medieval Welsh Settlement". *Studia Celtica*, III, 9 (1968).
- Richards, M., "The Distribution of Some Welsh Place-names". *Lochlann*, IV, 179.
- Richards, M., "The Supernatural in Welsh Place-names". *Studies in Folk Life*, 304.
- Richards, M., *Welsh Administrative and Territorial Units*. University of Wales Press, Cardiff.
- Scott, D., *Caisleáin Éireannacha*. An Foras Riaracháin, Baile Átha Cliath (1968).
- Stokes, *Tripartite Life of Patrick*. Kraus Reprint, Ltd. (1965).
- Synnott, P., "Furness Church". *Journal of the Co. Kildare Archaeological Society*, XIV, 457.
- Taylor, A. B., "The Name 'St. Kilda'". *Scottish Studies*, XIII, 145.
- Thomas, C., "An Early Christian Cemetery and Chapel on Ardwall Isle, Kircudbright". *Medieval Archaeology*, XI, 127 (1967).
- Uí Fhlannagáin, D., "'Dun' sna Logainmneacha". *An tUltach*, Nollaig, 1969.
- Uí Fhlannagáin, D., "Iarsmai na Pagantachta". *An tUltach*, Lúnasa, 1969.
- Uí Fhlannagáin, D., "Lann". *An tUltach*, Iúil 1969.
- Uí Fhlannagáin, D., "Logainmneacha Normanacha in Aird Uladh". *An tUltach*, Samhain 1969.
- Uí Fhlannagáin, D., "Mireanna Normanacha sna Logainmneacha". *An tUltach*, Deireadh Fómhair 1969.
- Wagner, H., and O Baoill, C. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects*, IV. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Walsh, H. D., *Borris-in-Ossory*. Co. Laois. Kilkenny Journal Ltd.
- Went, A. E. J., "Historical Notes on the Fisheries of the two County Sligo Rivers". *Journal of the Society of Antiquaries of Ireland*, XCIX, 55.
- Wray, K., "Maudlin Street". *Old Kilkenny Review*, XXI, 11.

AS CARLANN NA LOGAINMNEACHA

Faoin teideal seo foilsimid cuid den ábhar atá bailithe ag Brainse na Logainmneacha den tSuirbhéireacht Ordanáis. Ní ceart a bheith ag súil go mbeidh gach tagairt dá bhfuil le fáil sna tagairtí a thugtar, ach, má bhíonn tagairt ar eolas ag aon duine a chabhródh le foirm nó brí an ainm a chinntiú, bheimis buíoch den duine sin ach nóta faoin tagairt a chur chugainn.

Ag barr an ailt tugtar ainm na háite i mBéarla, an t-ainm Gaeilge atá socraithe ar chomhairle an Choimisiúin Logainmneacha, an contae ina bhfuil an áit (c.), an bharúntacht (b.), an paróiste (p.) agus, más gá é, an baile fearainn (b.f.), chomh maith le huimhir an leathanaigh den léarscáil 6" (S.O.).

Ballymahon Baile Uí Mhatháin c. an Longfoirt; b. Rathcline, Shrúle; p. Shrúle, Noughaval; S.O. 27.

- | | | |
|--|---|--|
| 1. Ballimaghan | } | <i>Fiants Eliz.</i> , 6266 (1599) |
| 2. Ballivaghan | | |
| 3. Ballimaghane | | |
| 4. Ballymahon | | |
| | | Farrell, <i>History of the County Longford</i> , 141 (1657) |
| 5. Ballimaghan | | <i>Census 1659</i> , 451 |
| 6. Ballimahon | | DS bar. map (Rathlin) (c. 1660) |
| 7. Ballymoghon | | Lodge MSS., Fair and Markets, 109 (1677) |
| 8. B:maha | | <i>Hiberniae Delineatio</i> (1685) |
| 9. Ballymaghan | | BSD, 124 (17ú aois) |
| 10. Ballymalion | | MacNamee, <i>Ardagh</i> , 390 (1744) |
| 11. Ballymahon | | <i>Ardagh & Clonmacnoise Antiq. Soc. Journ.</i> , I (5), 60 (1759) |
| <hr/> | | |
| 12. caisslen Baile h. Mathan | | Ó hInnse, <i>Miscellaneous Irish Annals</i> , 162 (1401) |
| 13. caislén bhaili h. mhathan | | annála in H. I. 18 (TCD), 132 (1401) |
| 14. bordúir ghlasa Bhaile Uí Mhatháin | | <i>Éigse</i> , VI, 214 (1794) |
| 15. as baillaighmhotháin | | LS 23 Q 18 (RIA), 81 (1818) |
| <hr/> | | |
| 16. Baile Uí Mhatháin, local Irish name (Mahon's town) | | OSNB (p. Shrúle), I, 4 |
| 17. ·bali:'mahon | | gnáthfhuaim an lae inniu |
| 18. ·bali:'mahon | | fuaime a bhíodh ag seandaoine |

Tá nóta faoin ainm ag Éamonn Ó Tuathail, *Éigse*, VI, 287.

Ar fhoirm Bhéarla an lae inniu cheapfadh duine gur *Baile Mathúna* nó *Baile Uí Mhathúna* a bhí i gceist san ainm agus is leagan díobh a luaigh Seosamh Laoide (*Post-Sheanchas*, I, 30; II, 37) agus an Dr. Risteárd Ó Foghludha (*Log-ainmneacha*, 8). Agus dúirt Lewis, *Topographical Dictionary*, I, 146, "This place is supposed to have derived its name from Mahon, King of Thomond, who, according to O'Halloran and other writers, defeated Fergal, son of Ruarc, in a great battle which took place here in 960".

t-oileán ar Mhainistir an Chláir bliain tar éis bháis Aodh Uí Bheacháin agus is dócha gur ag an am gcéanna a scaoileadh na tearmainn leis an trí dheoise ina bhfuilid suite. Cailleadh Domhnall, a ghairm rí Luimnigh de féin, i 1194. Bhí Uí Fidhgeinte bascaithe aige, agus Donnabhánaigh agus Coileánaigh seolta aige go hiarthar Chorcaí. Lonnaigh na Normánaigh i Luimneach go luath sa 12ú aois ach choinnigh rí John cathair Luimnigh agus "the cantred of the Ostmen there" dó féin (*C.D.I.*, 24). Níl aon dream gur dóichí go raibh cearta acu ar leath Inis Cathaigh ná na Lochlannaigh seo, cearta nár géilleadh dóibh nuair a bhí Domhnall Mór mar rí acu. Bhí Lochlannaigh mar easpaig ar Luimneach nó gur ceapadh Donnchadh Ó Briain (1188-1207), agus bhí 12 Lochlannach, 12 Sasanach agus 12 Éireannach ar an ngiúiré ag FitzHenry agus de Burgo. Mar sin a roinneadh an t-oileán féin idir dhá dheoise.

Tugann cáipéis ón mbliain 1400 léargas ar staid nua Inis Cathaigh. "Ar iarratas ón bPrióir J. Ohogani, ón gcaibidil agus óna buan-shéiplínigh i maoreaglais shaolta, choláisteach Sheanáin in Inis Cathaigh, i ndeoise Chill Dalua, deimhníonn an Pápa bunú na heaglaise réamhráite chun onóra Dé, na Maighdine Sior-ógh agus N. Seanáin in aimsir chianaosta ag uaisle cráifeacha ón gceantar, agus a cinneadh mar eaglais choláisteach leo níos déanaí" (*C.P.R.*, V, 271). Is ionann san is a rá go raibh an gradam ab airde aici a fhéadfadh a bheith ag eaglais nár shuíomh easpaig í.

Bhí sé mar nós i dtús an 12ú céad caibidil shaolta a cheapadh in áit na caibidle rialta agus ní miste a mheas gurb é an dála céanna ag Inis Cathaigh é. Dhein easpag Luimnigh é sa chathair, i 1205 "anglicanam considerantes consuetudinem" (*B.B.L.*, 115). Is cinnte go raibh an beart curtha i gcrích roimh 1290, mar sa bhliain sin agus arís i 1296 tá tagairt do Thomas Capell nó la Chapelin dar teideal "custos Ecclesiae sive Domus St. Senani" in Inis Cathaigh, agus i 1290 arís tá tagairt do Donatus O Mulmuna a bhí ina custos uair éigin roimhe sin (Harris, 243; 244.). Tá tagairt i 1397 do chanóntacht agus preibid Inis Cathaigh, i gCill Dalua (*C.P.R.*, V, 64). Tuigfear an teideal "custos" ó thagarthaí a leanann. I gcáipéis dar dáta 1418, deir easpag Luimnigh go bhfuil seilbh á ghlacadh aige ar thalamh in Inis Cathaigh a bhain le heaglais Luimnigh, ach a bhí imithe ó sheilbh na heaglaise sin le blianta fada. Tagraíonn sé do choinbhint ar an oileán, a ghabhann le deoise Luimnigh, maraon le dhá aonad déag talún sa leath theas den oileán. Tá na sagairt ar leo na haonaid seo ag cur fúthu i ndeoise Ard Fhearta in áit a bheith sa choinbhint, mar ba chóir dóibh (Begley, I, 392). Tá tagairt eile i 1418 do aonad talún a ghabhann le hEaglais N. Seanáin ar thaobh Chill Dalua den oileán (*C.P.R.*, VII, 100).

Tá tagarthaí in Annáidí an Phápa—Luimneach i 1446 (*A.H.*, X, 118) agus i 1503 (*A.H.*, X, 156), agus Ciarraí i 1507 (*A.H.*, XXI, 47)

—do “ecclesia de Alto Angelorum, Limericensis diocesis”. Sin í an choinbhint ar Ard na nAingeal. Is léir ó thagarthaí iomadúla ins na hAnnáidí agus i *C.P.R.* gur Ciarraigh agus Luimnigh an dara ag a ceaptaí sa leath theas, agus is léir ó Annáidí Chill Dalua (*A.H.*, X) gur Cláirínigh a ceaptaí sa leath thuaidh. Léiríonn na foinsí seo go léir go raibh “custos” sa dá eaglais.

Bhí an eaglais suaithe go maith sa 14ú agus sa 15ú aois, idir shiosmaí, frith-Phápaí agus deoraíocht an Phápa in Avignon. Is in Avignon a bhí Innocentius VI nuair a cheap sé an bráthair Thomas ón Aonach mar easpag ar Inis Cathaigh i 1360. Ní cheadódh easpaig Chill Dalua, Luimnigh agus Ard Fhearta dó seilbh a ghlacadh, mar nár dheoise í. (Theiner, 316, 318, 324; *C.P.R.P.*, 461; *An.H.*, XII, 162.) Tá Inis Cathaigh ar liosta deoisi i láimh-scribhinn ón 14ú aois as Avignon (*A.H.*, VI, 145) agus tharlódh gur ó liosta Paparo a tógadh an t-ainm. “Insula Gathai” atá iontu araon mar litriú agus níl a leithéid sin le fáil in aon cháipéis eile, seachas *C.P.R.*, I, 476, dar dáta 1282, agus iad. Más mar sin atá, mhíneodh sé an mhí-thuisicint. Ceapadh Sasanach den ainm Richard mar easpag ar Inis Cathaigh arís i 1414, ach ní fhuair sé seilbh uirthi ach an oiread. Ní fíor do Gwynn agus Hadcock gur ceapadh easpag eile i 1447 (*Medieval Religious Houses in Ireland*, 97). In Inquisition a deineadh i 1576, dhearbhaigh áitritheoirí an oileáin gurb é “Bishop Mahowne alias the black Bishop” an t-easpag déanach a bhí ar Inis Cathaigh, céad bliain roimhe sin (Begley, I, 396). Ní fios cé hé seo, marar mheascadar é le Mathúin Ó Gríofa, easpag Chill Dalua (1463-83).

Tá míoneolas ar Inis Cathaigh le fáil in Inquisition de chuid Eilfse don mbliain 1576 (Begley, I, 395). Bhí áitritheoirí tuata i mbun gnótha san oileán agus dlúthchaidreamh acu le Cathair Luimnigh. Ar an ngiúiré bhí Myles Arthur, Nicholas Mahowne, Michell Richford ó Inis Cathaigh agus an ghairm “mercante” ag an dtiúir; Moriertagh O Colligan, Roory O Beeghan, “husbandman” iad araon ó Inis Cathaigh; Piers agus Domnike Creagh, “marchante” iad araon ó Luimneach. Bhí 4 acra talún, caisleán nua-thógtha, tigh beag cloiche, trí bhothán feidín, 1000 oisre sa bhliain ó gach bád oisrí a chuaigh go Luimneach agus 500 scadán ó gach bád scadán, maraon le 6s. 8p. sa bhliain ón “House of Synan” ag an gcomharba. B'é seo, is dócha, “Comharba Seanáin, An Calbhach mac Siacais mic Catháin” a fuair bás i 1581 (A.R.É.). Bhí 4 acra, 4 bhothán agus 6s. 8p. ón “House” réamhráite ag priér an “House of Synan”. Bhí 4 acra agus 4 bhothán ag “Custos” an “House”, agus 4 acra, dhá bhothán agus 3s. 4p. ón “House” ag an “sexten”. Bhí trí bhothán eile ag Nicholas Mahowne. Bhí dhá shéipéal gan díon agus “a parish church valued at nothing” ar an oileán chomh maith leis an “religious House of Synan”. Bhí tigh cloiche ar cíos ó easpag

Luimnigh ag James Striche agus ceann eile fós i gcomhsheilbh Myles Arthur agus Nicholas Mahowne. Dhearbhaigh an giúiré gur i gCo. Luimnigh a bhí an t-oileán. Deineadh contae de Luimneach i 1210 ach is ag an am so díreach (1576) a bhíothas i mbun oibre chun contae a dhéanamh don gClár (*Fiantis Elizabeth*, uimh. 1525, 2758, 2860). Ó Luimneach agus ó Inis Cathaigh ab ea baill an ghiúiré agus b'é a leas é a dhearbhu gur faoi dhlinse Luimnigh a bhí an t-oileán. Mura raibh sé de jure is cosúil go raibh de facto.

Tá Inis Cathaigh ainmnithe mar pharóiste i ndeoise Chill Dalua ar liosta ón 17ú aois (T.C.D., E. 2. 14). Timpeall na bliana 1742, áfach, bhain easpag Luimnigh an t-oileán de dheoise Chill Dalua (recuperavit) agus tháthaigh arís (iterum adjunxit) lena dheoise féin é (Begley, I, 403). In 1801 leag sé cúram an dá theaghlach, Kearney/Cartney agus Moran, a bhí ann ar shagart paróiste Bhéal Átha Longfoirt, i gCiarraí (Begley, I, 403). Ní ghlacfaidís leis, áfach, cé gur bagraíodh coinnealbhá orthu, agus faoi dheire thug easpag Luimnigh cúram an oileáin thar n-ais do shagairt Chill Rois (Begley, I, 408).

Dhíol Bardas Luimnigh 4 acra ar an oileán leis an Ordnance Service i 1810 agus thug sé léas buan ar an oileán do Sir C. Marrett, Alderman, i 1824 (Lenihan, 460). Cuireadh an t-oileán isteach le barúntacht Mhaigh Fhearta ar ordú an Privy Council i 1853 (Lenihan, 512), biodh is gur ann a bhí sé áirithe ó 1839 ag an Suirbhéireacht Ordanáis. Díshealbhaíodh a raibh de thineontaithe ar an oileán i 1827 nó mar sin (*JRSAI*, 1894/5, 259, nóta).

Fuair Anraoi de Bláca cuntas rí-shuimiúil ar atháitriú an oileáin in 1843, ó Fheidhlim Ó Braonáin, fear a bhí páirteach san eachtra. An 12ú Márta na bliana sin, nuair a bhí iascairí Chill Bheathach amuigh ag marú longaí séideadh an “Windsor Castle” isteach béal an Ribhéir agus a trí crann briste. Bhí plúr, cadás agus rum mar last aice. Ní raibh éinne beo inti, ach go bhfacathas fia inti, más fíor. Chrom roinnt daoine ar an bhfearas a thabhairt i dtír aisti. Cuireadh fios ar fhir an chustaim go Luimneach agus nuair a tháingadar súd theith a raibh inti ach ceathrar déag. Nuair a chonaic fir an chustaim nár ardaíodh na haistí agus go raibh “marc an rí, an broadarrow” gearrtha ar an long, tairgíodh deontas do lucht a tarrthála. Fuair an naonúr pileoite £120 an duine agus an cúigear feirmeoir £80 an duine. Chuir Marcas Ó Catháin, athmháistir, scéala go dtí an tiarna talún, Westby, agus mhol dó lucht an airgid a chur isteach go hInis Cathaigh mar thineontaithe. Bhí an t-oileán faoi chaoire, an t-am so, agus gan ann ach Eoghan, deartháir Mharcais, agus Móránach ó Chiarraí thuaidh. Siad so na sloinntea bhí ar an daoine a tháinig: Ó hAnracháin, Ó Crota, Mac Mathúna, Ó Maoileacáin, Ó Gríofa, Ó Braonáin, Ó Scanláin, Ó Coisteala, Mac Cárthaigh, Bradley. Bhí muirín i ngach aon tigh agus leath-

chéad dalta sa scoil nuair a bhí Annraoi ar an oileán. Tháinig meath ar loingseoireacht sa tSionainn idir an dá chogadh mór, agus bhí ar mhuintir an oileáin bailiú leo go dtí an gCeapaigh láimh le Cill Rois, mar ar lean cuid acu den phileoitíocht. D'imíodh a lán acu ar bord loinge i gcabhlaigh éagsúla, agus thug Braonánach díobh, a bhí ina chaptaoin áirthaigh ag Admiral Byrd (U.S.A.) san iarracht a thug sé faoin Mol thuaidh i dtosach na haoise, turas abhaile dhá bhliain ó shoin!

Ba nós le maor Luimnigh teacht chomh fada le hInis Cathaigh agus sleá a chaitheamh i bhfarraige ann anuas go dtí tosach na haoise seo. Tráchtfar ar an mbéaloideas a ghaibh le háiteanna ins na nótaí, ach ní miste tagairt a dhéanamh don dturas a deintí ar an oileán, anso. Deir A. de Bláca gur i dtrá mhara a deintí an turas mórtimpeall an oileáin. Cé ná raibh cuimhne ró-mhaith aige ar na gnáiseanna a bhain leis, ríomh sé iad mar seo. Tosnaíft ag an gcloch aoil a bhí ina seasamh ag Pointe na Meallach. Théidís ar a nglúine ansan agus arís ag an leac atá ag an gcé, go bhfuil scríobh uirthi. Thiar i dTóin an Oileáin, níor mhór 8 nó 9 gclocha a bhailiú agus iad a thabhairt suas insa sruthaill. Théidís ar a nglúine arís ag an leac atá ag an Meall, tar éis dóibh an títpeall a dhéanamh. Naoi dturas timpeall na reilige ag Teampall na Marbh, ar mhullach an fhalla. Bhíodh deoch uisce acu ó Thobar Sheanáin ansan. Thógaidís leo go dtí an mórtíir an chré agus na clocha beaga atá i Leaba Sheanáin. Tagraíonn Graham do na sluaite a thugadh turas ar an oileán ar Luan Cáscá (Mescal, 65).

Ní miste nós amháin eile a bhain le hInis Cathaigh a lua. Seoltaí báid nua ar deiseal timpeall uirthi agus cuirte clocha beaga ón dtráigh isteach iontu (Mescal, 65, 66). Féach gur thug Seanán, leis, turas ar deiseal timpeall uirthi á beannú, tar éis dó Cathach a dhíbirt aisti, agus gheall an t-aingeal dó ná báfaí éinne a d'fhágfadh an t-oileán nó go bhfillfeadh sé arís (Beatha A, 67). Níl fágtha ar Inis Cathaigh anois ach muintir Mhic Mhathúna.

Níl spás in alt mar é seo chun an fhianaise a tugadh go dtí seo a chíoradh mar ba chóir. Is fíor san go háirithe i dtaca le comharbaí Sheanáin. Tá easnaimh sa bhfianaise a fhágann nach féidir a rá go cinnte go raibh an gradam sin le hoidhreacht ag Mac Catháin i gcónaí (féach A.R.É., 1581), bíodh is gur fhan sé acu i ndiaidh díshealbhú eaglasta an 16ú aoise. Cathánaigh a bhí mar athmháistrí ar Inis Cathaigh san aois seo caite, ach deirtear gurb é an sloinneadh Ó Catháin a bhí orthu so agus gur phós duine acu iníon Mhic Catháin tráth éigin (Mescal, 68). Is acu a bhíodh an clog órtha ar a dtugtaí mionn. Duine dhíobh ab ea Roibeard Ó Catháin a d'aistrigh an Tiomna Nua "go Gaodhailge Chúige Mumhan" (Dublin, 1858). Sa tagairt do "Nicholas Cahan et ancestores sui vocate Corubbne de Terrymone Shynan" in Inquisition de chuid 1604, deirtear gurb

ionann an "corrubbne" agus "overseare and keeper" (Begley, I, 399). Más amhlaidh atá cén difríocht a bhí idir é agus an "custos" a bhí ar Theampall Mhuire, "The House of Synan" agus ar Theampall Ard na nAingeal? Is léir ó chuid de na tagarthaí atá luaite thuas gur thuataigh iad cuid de na séiplínigh a bhí iontu. Bunús Normánach atá le Siacas (<Jaques), ainm athar agus seanathar an chomharba a fuair bás i 1581 (A.R.É.), pé slí ar ghlacadar súd chucu féin é.

SCATTERY ISLAND

- | | |
|--|---|
| | in'əf'kuə in'əf'ku(h),
,l'ɑ:nin'əf'ku(h), 'fɡ'aTəri: |
| 1. Abbey Church (=37, 41) | |
| 2. Ard na nAingeal (=23) | ɑ:rDNə'Nəŋ'əl |
| 3. Banc Rinn Eanaigh
(=7, 14a) | ,bəŋkɾəi'n'ənə |
| 4. Battery | əN'b'aTəri: |
| 5. An Caisleán (=9) | əN,kəf'l'ɑ:n |
| 6. An Carcas | ə'karkəs |
| 7. Carraig an Draoi
(=3 ?, 14a) | |
| 8. Carraig Dhonnáin | ,kərəŋ'ə'Nɑ'n', ,kərəŋ'h'n'ɑ'n' |
| 9. Castle (=5) | |
| 10. Cloghaus or Round Tower
(=35, 38) | |
| 11. An Com | (ins) ə'gəum |
| 12. An Croisín (= 13) | ə,kɾə'ʃi:n', ə,xɾə'ʃi:n' |
| 13. Crusheen Point (=12) | |
| 14. Cúl na Gainmhe | ,ku:LNəŋə'n'i: |
| 14a. Dairinis (=3 ?, 7) | |
| 15. Deirc Sheanáin (=26) | |
| 16. Fán na nEach | |
| 17. Fawley's Point | ,fɑ:Li:z'pəin't' |
| 18. An Góilín | əN,go:l'i:n' |
| 19. The Gunners' House | Də,guNəɾz'həus |
| 20. Hog Island (=21, 22) | ə,l'ɑ:n'həŋ |
| 21. Inis Beag (=20, 22) | |
| 22. Inishbig or Hog Island
(=21) | |
| 23. Knocknanangel (=2) | |
| 24. Knocknanangel Church (=39) | |
| 25. Lady's Grave | |
| 26. Leaba Sheanáin (=15) | ,l'abə'h'n'ɑ'n' |
| 26a. Leac an Chathaigh | |
| 27. Leac na nAingeal | |

28. Mall Point (=30)
 29. An Meall
 30. Pointe na Meallach

ə(ŋ) 'm'jəu(ə)L, ə 'm'əuL
 ,pi:n't'əNə'm'əuLə(x),
 (ar),fi:n't'ən'v'əuəl'

31. Rineanna (=32)
 32. Rinn Eanaigh (=31)
 33. Ród Inis Cathaigh (=36)
 34. Roilig an Aingil
 35. Round Tower (=10, 38)
 36. Scattery Roads (=33)

rəi'nanə
 ,ro:di:n'f'kəə

37. An Séipéal (=1, 41)
 38. An Stípil (=10, 35)
 39. Teampall Cnoic na nAingéal (=24)

in' ,sE:'p'e:L
 ən'f'd'i:p'əi'

40. Teampall Jer (=43, 45)

,t'əumpəL'dʒɔr

41. Teampall Mhuire (=1, 37)

42. Teampall na Marbh (=44)

,t'əumpəL.Nə'marəv

43. Teampall Sheanáin (=40, 45)

,t'əumpəL'h'n'ə:n'

44. Templenamarve (=42)

45. Templesenan (=40, 43)

46. Tobar Sheanáin (=47)

əN,Tobər'h'n'ə:n'

47. Tobersenan (=46)

48. Tóin an Oileáin

,Tu:n'ən't'əən'

NÓTAÍ

(Tagraíonn na huimhreacha don liosta)

Fuair Inis Cathaigh a hainm ón bpiast, Cathach, nár scaoil éinne ar an oileán agus a choinnigh a húir “in óige” le haghaidh Seanáin (Beatha A, 56). Ruaig Seanán í go Dubhloch Sléibhe Colláin ó thuaidh (Beatha A, 67). Sé seo an t-aon ainm atá ar an oileán i bhfoinsi Gaelacha ó gach airde go dtí an lá inniu. Tá “Innis Catha”, mar shampla, ag M. Ó Braonáin ina dhán ar an Sionainn i 1794 (*Eigse*, VI, 233).

Cé ná fuil an leagan “Scattery” le fáil níos luaithe ná an 17ú aois, —“E. Catre” i Jansonius, Mounster (c. 1630), agus “Inishskattery” sa Down Survey (c. 1660) — d’fheadfadh sé leanúint ar aghaidh ins an “cantred of the Ostmen” i Luimneach gan é bheith le fáil i gcáipéisí eaglasta. Tá trácht ar “the liberty of the Ostmen” i Luimneach i Plea Roll ón mbliain 1295 (Curtis, 406) agus ní miste a mheas gur thugadar súd a dtraidisiún féin ar aghaidh go maith ins na méanaoiseanna. Tá tuairisc i réamhrá an ailt seo ar na Lochlannaigh a bhí lonnaithe ar Inis Cathaigh agus ar leath an oileáin a bheith “i Luimnigh”. Tá tagairt do chabblaigh éagsúla ag ionsaí a chéile ag Inis Cathaigh i 1127 agus do “Se(na)n mac Gollsci” a bheith ina “sttirasmund” ar long amháin (A.I.F.). Focal Lochlannais is ea “sttirasmund” atá áirithe ag Bugge (*Miscellany K. Meyer*, 295) agus Marstrander (*Bidrag til det Norske Sprogs Historie*, 73) agus is inspéise go dtabharfaí é mar theideal ar fhear den ainm Seanán sa chomhthéacs seo. Nil sloinne an fhir le fáil in aon áit eile ach ní féidir a rá gur de bhunús Lochlannach é gan fianaise. Ní miste an

focal “Scattery” a thairfeach ar mhaithe le soiléire. “S”, foircheann an fhocail “Inis”; “catter”, “Cathaigh” (καθαι) agus claochló ar an “y” go “r” (consain leanúnacha iad araon) faoi thionchar an fhoirchinn “ar” a bhí coitianta sa ghinideach sa Lochlannais; “Ey”, an focal ar oileán sa Lochlannais (Féach Ireland’s Eye, Lambay, Dalkey etc.).

Maidir leis an leagan Cathay(ensis) atá le fáil i gcáipéisí Páipúla (Theiner, 316, 318, 324 agus C.P.R.P., 461) sa 14ú aois, sé is dóichí gurb é Cathay iomráiteach oirthear domhain a chuaigh i bhfeidhm air.

Leaganacha, le dáta, as cáipéisí: Insula Gathay, 12ú aois, Vatican L. 3057, 8486, Montpell. Medic. 92; Inisketty 1189 (*JRSAL*, XXII, 78); Inyscathedch 1201 (*B.B.L.*); Inyscathy c. 1200 (*B.B.L.*), 1290 (Harris, 243); Insula Gathai 1282 (*C.P.R.*, I), 14ú aois (*A.H.*, VI, 145); Cathay(ensis) 14ú aois (Theiner, *C.P.R.P.*); Cathag(ensis) 1364 (*An.H.*, XII, 162); Katad(ensis) 1414 (*C.P.R.P.*); Inyskathaigh c. 1400 (*C.P.R.*, V, VI, VII); Yniskate, Iniskay, Innyskathid, Iniscayg c. 1500 (*C.P.R.*, XIII, XIV); Innyskagay 1446 (*A.H.*, X, 118); Inyskathayg 1428 (*A.H.*, X, 17), Iniskayd 1446 (*A.H.*, X, 34), Iniskahy 1483 (*A.H.*, X, 69), Inyschahy 1507 (*A.H.*, XXI, 47); Innesvattye 1576 (Begley, 395).

Tá na leaganacha seo le fáil ar léarscáileanna:

Enys Katen 1575? (T.C.D., Hardiman 2); Enesskagh 1589 (Jobson, T.C.D. Hardiman 36); Ennis Carfin (doiléir) c. 1600 (T.C.D. Hardiman 63); Enis Catu c. 1600 (Boazio); Enis Catu(o?) c. 1600 (T.C.D., Hardiman 1) Catne 1610 (Speed); E. Catne c. 1630 (Jansonius, Connaught); E. Catre c. 1630 (Jansonius, Mounster); Katen 1635? (Hondius); Inish Skatery c. 1660 (Down Survey), agus 1685 (Hiberniae Delineatio). Tá “Scattery” coitianta sa Bhéarla ón 18ú aois.

1. “The Cathedral or Damliag” (O.S.L.). “The Daimhliag” (N. Book). “Damliag” (F.P.). “Abbey Church” (S.O. 1842).
2. Le linn do Sheanáin a bheith ag caint le “Raphel” ar Mhullach Feise, d’ardaigh na haingil é féin agus an leac ar a raibh sé ina shuí, leo go dtí an genocán atá in Inis Cathaigh. Ón eachtra san a hainmníodh Ard na nAingéal agus Leac na nAingéal (Beatha A, 66), (Beatha B, 77).
 — Ecclesiae de Alto Angelorum, Limericensis diocesis —” (*A.H.*, X, 118 (1446); X, 156 (1503); XXI, 47 (1507)). “Teampall Cnuic na nAingéal” (O.S.L. agus F.P.). “Knocknanangle Church” (S.O. 1842).
 Deir A. de Bláca go ndeireadh muintir an oileáin gur anso “a thit an chlog órtha ón spéir”, cé gur gnáthaí a rá gur i gCill tSeanáin, ó thuaidh ó Chill Rois a thit sé. I seilbh na gCathánach a bhí an clog so agus tugtaí mionn air i gcás “cattle stealing, assault and abduction” (Dwyer, 501). Tá cur síos ag Westropp air, maraon le pictiúirí (*JRSAL*, 1900, 237). Féach 26a.
4. Chuire seo a cheannaigh an Ordnance Service 4 acra talún i 1810, is dócha (Lenihan, 460).
5. Bhí so á thógaint ag an gcomharba i 1576 (Begley 396). Thógadh uaisle cheantar Chill Rois clocha as agus ní raibh fanta ach urlár amháin ina gcoinnítí móin le linn A. de Bláca.
6. Áit íseal a dtagadh an taoide isteach tríd an glochar ann uaireanta. Bhí cúpla tígh taobh leis.
7. “Outside Rinn Eanaigh Point is a rock called Carraig an Draoi, the remains of an island called Dair-inis, which is mentioned in St. Senan’s Life” (O.S.L.).
 Chuir rí Ó bhFidhgheinte a dhraoi, Mac Táil, go hInis Cathaigh chun Seanán a ruaigeadh aisti mar go mba leis féin í. Fuair Seanán an lámh uachtar agus theith Mac Táil i gceo drafochta go Dairinis, a bhí “ar bhéalaibh Innsí Cathaigh anairdheas”. “Tháinig an mhuir tháirsti agus bádh an draoi agus a mhuintir, conadh í sin Carac na nDruadh inniu”

- (Beatha A, 69). Deir údar eile nár "Iéir ar maidin di acht Carraig na nDruagh amháin". (Beatha B, 93).
- Ar Bhanc Rinn Eanaigh a bhí Dairinis agus an charraig, is dócha.
8. Talamh chlochach í seo a nochtann ag lag trá. Fásann feamnach go tiubh ann. Bhí an claonadh ag A. de Bláca an t-ainm a rá amhail is dá mbeadh "Seanán" mar mhír aige, ach nuair a cheistíos é dúirt sé "Ní deiridís Seanán in aonchor ach *karag' ó'Na-on'*". "Chuaigh Dondán mac Léith, dalta do Sheanán agus beirt gharún ag baint dílis. Thug an mhuir a nae uathu agus bádh an bheirt óg. Lá ar na mhárach thug Seanán slán ina mbeathaidh arís iad. D'impiodar air iad a scaoileadh ar ais go dtí an mbeatha aoihbhinn as a dtámgadar, agus do dhein" (Beatha A, 70). Deartháir do Sheanán ab ea Liath (Beatha A, 67). Ní tugtar aon ainm ar an gearraig san insint seo. "a ccarraig nDonán" (Beatha B, 111). "Corraig Dhonáin" (O.S.L. agus F.P.). Féach "Donnan mac Leith mic Geirginn" (*Genealogiae Regum et Sanctorum Hiberniae* (P. Walsh), 78).
10. "An Stípil" a bhí ag muintir na háite air (A. de Bláca). "The Round Tower, called in Irish, Clogas Inse Cathaigh" (O.S.L.). "Round Tower" (F.P.). "Clogaus or Round Tower" (S.O. 1842). "Clogas" atá mar chur sios ag M. Ó Braonáin ó Cho. Ros Comáin ina dhán ar an Sionainn i 1794 (*Éigse*, VI, 233). "Clogas ionna raibh 115 troighthe ar aoidre" (Beatha B, 161).
12. "Pointe an Chroisín" (O.S.L. agus F.P.).
15. "An t-ochtmbhadh lá do mhídh Márta, 554 d'éag Seanán an aois a chéad agus ocht mbladhna déag agus ró hádhhlacadh é ar innis Cathaigh, taobh shiar húaigh do Theampcholl Mhuire mar a bhfuil an feart dá ngoirtear Deirc Sheanáin" (Beatha B, 159).
16. Ní raibh an t-ainm ag A. de Bláca ach tá cuntas aige ar an áit "a slogadh dhá chapall agus carráiste a tháinig chun díobháil éigin a dhéanamh don oileán. Páircin beag ó thuaidh ón Battery san ísleán agus timpeall leathacra ann. An t-aon spota san oileán ná cíféa an Stípil uaidh. Bhí cros gearrtha ina lár ó chlái go clái, ardáinín beag rannáilte". Thug an draoi, Mac Táil, "dhá chairbtheach" ri ó bhFidhgeinte leis nuair a thug sé faoi Sheanáin a ruaigeadh. Scoireadar na capaill ar an oileán (Beatha A, 68). Nuair a bádh Mac Táil i nDairinis bhagair an rí díoltas ar Sheanáin mura dtabharfadh sé aire do na capaill. "Ní ba mísi bus echaire duit" arsa Seanán, agus leis sin shloig an talamh na capaill "i bhFán na nEach, in iarthar Innse Cathaigh" (Beatha A, 69). "Fán na nEach" (Beatha B, 95).
17. "Bhí fear ins an oileán, maor eile, go nglaoi'tí Fawley air" (A. de Bláca).
18. Tugtaí móin ó Chill Rois isteach mar seo go dtí an loch, i lán mara (A. de Bláca).
19. "Master Gunners' Ho." (F.P.). Marab ionann agus feirmeoirí bhíodh airgead póca ag na pilcoitithe, agus áit acu chun é chaitheamh i gceaintin na "gunners" (A. de Bláca).
20. "Ennis big" (T.C.D. Hardiman 63 (17ú aois)), "Inishbeg" (Down Survey (c. 1660) agus Hiberniae Delineatio (1685)). Forbairt "beg/big" > pig > hog atá i gceist. Tá oileán beag eile i léarscáileanna Jansonius (Enis Pike), Hondius (Pyke agus Pyk), agus Blome (Pyke), dar dáta 1630, 1635? agus 1690 fá seach, ar costúil gurb ionann é agus leithinis atá inniu sa Chuibhreann (Querrin), agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar fhoirm an ainme "Inis Beag". Tá Enys Lin díreach lastoir d'Inis Cathaigh i Hardiman 2 (1575?). Anso a cuireadh máthair Sheanáin, más fíor, agus nuair a thug súd an t-eiteach di faoina hadhlacadh ar Inis Cathaigh dhein sí an tairngreacht go mbeadh béic na mná rua le cloisint fós ann. Bhí Neil Dhearg ann agus d'óladh sí braon (A. de Bláca). Is ann a bhí cónaí ar mháthair agus deirfúir Sheanáin (Beatha A, 72).

24. Féach 2.
25. "Old Grave" (F.P.). "A flag said to cover the body of the lady who desired to obtain entrance to the island for sepulture, but who was repulsed by St. Senan" (O.S.L.). Ní raibh ainm cloiste ag A. de Bláca air ach bhíodh trácht ar leac a cíftí ag lag trá, mar a raibh bean ghaoil éigin le Seanán curtha toisc ná scaoilfeadh sé níos sia í ná trá mhara. "Canir, naomhógh do Bheanntraighe" ar taibhríodh di go raibh "tor tine" os cionn gach cill in Éirinn agus an tor ba mhó dhíobh os cionn Inis Cathaigh, chuaigh sí "cosaibh tirmaibh" go "port Innsi Cathaigh". D'fhan sí "na seasamh forsin tuind" agus í ag áiteamh ar Sheanáin nár chóir dó mná a bhac ón oileán agus dúirt leis nár lú a tháinig Críost do shlánú ban ná do shlánú fear. Ghéill sé "inad a haiseirghe for brú thuinde" dhí sa deire agus fuair sí bás chomh luath agus a leag sí a cos ar an dtalamh. Éinne a "thaidh-leas a reeles ria ndul for in muir ní baithfider nogu tí aris" (Beatha A, 72, 73). Féach "Conair" (Beatha B, 123). Cheap Thomas Moore amhrán ar an eachtra seo: "St. Senanus and The Lady" (*The Poetical Works*, 201, London, 1848).
26. Féach 15.
- "An áit a bhfuil sé curtha, an áit a dtéann siad ag lorg an chre dhá mbeadh na seadáin, wireworm, ag gearradh an gheabhair—é a chroitheadh ar an dtalamh. Níor leag bean a cos riamh ann. Aon bhean nó cailín a chuaigh ansan isteach ní bheadh aon mhuirín orthu. Tá clocha beaga ann, comh bog le caic agus is mó duine a thug na clocha leo. Do dhéanfa mar a bheadh croí iad" (A. de Bláca).
- "It appears that the greater portion of the earth which covered the bed has been removed by the islanders, and scattered on their tillage, owing to its supposed efficacy in killing worms. Small olive-coloured stones, taken from the bed, were put in drinking water to cure diseases. These stones the seamen in the vicinity used to wear as amulets about their person. [It was] the custom for men to take off their shoes and stockings when [going] into the bed. Women should not set foot in it" (Mescal, 62).
- Tá an méid seo le rá ag Rev. S. Malone, *JRSAL*, 1894/5, 259, nóta:
- "I have the authority of the Ven. Dean Kenny, of Ennis for stating that while he was P.P. of Kilrush, one of his curates, the Rev. S. Walsh, having one day got into Scatterry Island, and wishing to break down the superstitious feeling, as he deemed it, which prevented the females from walking over the bed of St. Senan, urged all the women of the island to enter it. The only noticeable result or coincidence was that all of them in a few days were evicted for ever. This happened about 1827".
- 26a. "Gach uair donítear éagóir ar Inis Cathaigh agus ar Cill Rois agus ar Thearmoinn Sheanáin go coitcheann tig Seanán go Lic an Chathaigh agus tabhairdh trí gártha idir chlog agus duine agus tíochead na naoimh sin uile do dhíoghal na héagórach donítear ar Sheanáin" (Beatha B, 187).
27. Féach 2.
- 28, 29, 30. Pointe an Mheill (O.S.L. agus F.P.).
- "Dá mbeireadh an taoille ansan ort, ní raghfá ó dheas go bráth, nuair athá an mhuir ag imeacht. Nuair a bheadh an mhuir ag teacht, siar ó sheas a gheofá amuigh le heagla go dtabharfadh an taoille soir tu. Sin é an chiall a nglaohtar An Meall air, meallfadh an taoille tu" (A. de Bláca).
- 31, 32. Rinn Eanaigh (O.S.L. agus F.P.).
33. Bhíodh ar loingeas feitheamh anso le haghaidh cóir gaoithe agus taoide chun dul go Luimneach.
34. Nuair a bhí Naomh Pádraig in iarthar Luimnigh, chuir sé "Maculatus agus Latius, sacart agus deochan do Rómhánchaibh" chun Corca Bhaiscinn a bhaisteadh. Thógadar "reigléas agus port a n-cisirghe do thaobh poirt Innse

- Cathaigh, don leith thuaidh in achomair Reilgi Aingil Dé", mar bhí a fhios acu gur í "Relic in Aingil" in Inis Cathaigh a bheadh aiséirí Sheanáin (Beatha A, 56).
37. "An teampall mór atá le bais an Stípil. Ná fuil Naomh Seanán ar an mbinn thoir di gearrtha amach os cionn na fuinneoige. Cloch aoil is ea í (i.e. an dealbh)" (A. de Bláca).
39. Féach 2.
Tugadh "St. Gabriel's Church" leis air (Mescal, 63).
41. Féach 43.
"taobh shiar huaigh do Theampcholl Mhuire mar a bhfuil an feart, dá ngoirtear Deirc Sheanáin" (Beatha B, 159).
"the Collegiate Church major . . . foundation in honour of God, St. Mary the Virgin and the said saint (Senan)". (C.P.R., V, 271).
43. "Teampull Sheanáin" (O.S.L.). "Temple-Sennaun" (F.P.).
44. "Teampull na Marbh" (O.S.L.). "Temple na Marbh" (F.P.). "Templena-marve" (S.O. 1842). "Here the people of the island bury the dead. Graham says: Scattery is one of the most popular burial-places in the county but in the case of stormy weather Shanakill, near Kilrush is used. The country people believe that all the bodies buried in the latter place are conveyed under the bed of the river into the holy ground of Iniscattery" (Mescal, 63).
B'é deonú Dé é adúirt an t-ardaingéal "Raphel" le Seanán "ní ba hífearnach jar mbrath an té dara ragha úir na hinnsí . . .
Ní blaisfe peannaíd acht éag
An té tara téid a húir". (Beatha A, 67)
Cuireadh in Inis Cathaigh Onóra Ní Bhriain, bean Uí Chonchúir Chiarraí i 1583 agus Mairéad Ní Bhriain bean Thraolaigh Mhic Mhathúna i 1591 (A.R.É.).
- 46, 47. "Toabar Sheannain" (O.S.L.). "Tober-sennaun" (F.P.).
Tá sé cearnógach agus falla na thimpeall.
"Down to the recent period the sailors of Limerick used to resort to it in a solemn manner, and take some of its water to their ships, with a view of allaying thereby tempests at sea" (Mescal, 65).
Ba nós do gharsún óg cupán uisce a shíneadh chúchu súd a bhí ag déanamh an turasa, ach bhí san cosctha ar chailín (A. de Bláca).
Thóg Seanán cuaille coill agus thochail sé mar a dúirt an t-aingéal leis, agus bhí an t-aingéal ag glanadh an chre as an sli. Nuair a bhí an obair déanta sháigh Seanán an cuaille ar bhruach an tobair agus d'fhás sé mar a bheadh crann coill láithreach. Dúirt an t-aingéal ná triomódh an tobar faid a bhí áitreabh sa chill sin, agus go leigheasfaí gach galar a tabharfaí chuige. (Beatha A, 71; Beatha B, 119).
48. Tá so mar ainm ar an dtaobh thiar den oileán ar fad.

Foinsí agus Noid

- A.H.: *Archivium Hibernicum*
An. H.: *Analecta Hibernica*
A.I.F.: *Annála Inis Faithleann*
A.R.É.: *Annála Ríoghachta Éireann*
B.B.L.: *The Black Book of Limerick* (eag. James Mac Caffrey).
Beatha A: Beatha Shenáin, *Lives of the Saints from the Book of Lismore*, Whitley Stokes
Beatha B: Beatha Sheanáin (athscríobh ar théacs Meán-Ghaeilge), Royal Irish Academy 24 C 29
Begley: John Begley, *The Diocese of Limerick*, I-III (1906)
C.D.I.: *Calendar of Documents, Ireland* (1171-1251)

- Céitinn: Seathrún Céitinn, *Foras Feasa ar Éirinn*, I-IV (I.T.S.)
C.P.R.: *Calendar of Papal Registers (Letters)*
C.P.R.P.: *Calendar of Papal Registers (Petitions to the Pope)*, I (Bliss)
Curtis: Edmund Curtis, *A History of Medieval Ireland*
Dwyer: Philip Dwyer, *The Diocese of Killaloe* (1878)
F.P.: Fair Plan (1841) (dréacht-léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis)
Harris: Walter Harris, *Collectanea de Rebus Hibernicis XIII* (láimh-scribhinn sa Leabharlann Náisiunta)
JRSAI: *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*
JKAHS: *Journal of the Kerry Archaeological and Historical Society*
Lenihan: Maurice Lenihan, *Limerick* (1866)
Mescal: Daniel Mescal, *The Story of Inis Cathaigh* (1902)
N. Book: Ordnance Survey Name Book (1841)
O Halloran: Sylvester O Halloran, *A History of Ireland*, I-III (1819)
O.S.L.: Ordnance Survey Letters (1839)
PRIA: *Proceedings of the Royal Irish Academy*
S.O. 1842: Eagrán 1842 de léarscáil 6" na Suirbhéireachta Ordanáis
T.C.D.: Trinity College Dublin
Theiner: A. Theiner, *Vetera Monumenta Hibernorum et Scotorum* (An Róimh, 1864)
Usher: J. Usher, *Britannicarum Ecclesiarum Antiquitates* (De Britannicarum Ecclesiarum Primordiis) (1639)
Ware A: J. Ware, *De Hibernia et Antiquitatibus* (1658)
Ware B: J. Ware, *History of Ireland* (eag. Harris).
Wilkins: David Wilkins, *Concilia Magnae Britanniae et Hiberniae*, I-IV (London, 1737)

[A list of placenames from Scattery Island, together with an account of the historical background.]

AS CARLANN NA LOGAINMNEACHA

Faoin teideal seo foilsimid cuid den ábhar atá bailithe ag Brainse na Logainmneacha den tSuirbhéireacht Ordanáis. Ní ceart a bheith ag súil go mbeidh gach tagairt dá bhfuil le fáil sna tagairtí a thugtar, ach, má bhíonn tagairt ar eolas ag aon duine nach bhfuil luaite agus a chabhródh le foirm nó brí an ainm a chinntiú, bheimis buíoch don duine sin ach nóta faoin tagairt a chur chugainn.

Ag barr an áilt tugtar ainm na háite i mBéarla, an t-ainm oifigiúil Gaeilge, an contae ina bhfuil an áit (c.), an bharúntacht (b.), an paróiste (p.) agus, más gá é, an baile fearainn (b.f.), chomh maith le huimhir an leathanaigh den léarscáil 6" (S.O.).

Castledermot Discart Diarmada c. Chill Dara; b. Kilkea & Moone; p. Castledermot; S.O. 38, 40.

1. Disserdiarmada MacNeill, *Cal. Reg. Archb. Alen*, 5 (=Sheehy, *Pontificia Hib.*, I, 30) (1179)
2. Tristeldermot Sheehy, *op. cit.*, I, 138 (=CDI, I, 53) (1207)
3. Tristelderemod CDI, I, 211 (1226)
4. Tristeldermot *op. cit.*, I, 429 (1247)
5. Tristeldermot *op. cit.*, I, 444 (1248)
6. Tristeldermot *op. cit.*, I, 439 (1248)
7. Tristerdermot *op. cit.*, I, 446 (1249)
8. Trystell Dermote *Cal. Carew MSS.*, V, 124 (1262)
9. Tristeldermot MacNeill, *op. cit.*, 114 (1264)
10. Tristeldermond CDI, II, 377 (1280)
11. Tristeldermot *op. cit.*, II, 379 (1280)
12. Tristeldermot *op. cit.*, II, 379, 380 (1280), 385 (1281), 467 (1282), 561 (1284); III, 49 (1285)
13. Trestildermot *op. cit.*, III, 60 (1285), 95, 124, 126 (1286)
14. Tresteldermot *op. cit.*, III, 148 (1287)
15. Tritesteldermot *op. cit.*, III, 379 (1290)
16. Tristeldermot *op. cit.*, III, 407, 415, 416 (1291)
17. Tristildermot *op. cit.*, III, 415 (1291)
18. Tristeldermot *op. cit.*, III, 517 (1292); IV, 1 (1292), 31, 56 (1293), 124 (1294-5), 92 (1295), 128 (1295-6)
19. Tristledermot *op. cit.*, IV, 108 (1295), 142 (1296)
20. Tristeldermot *op. cit.*, IV, 161 (1294-6)

21. Tristeldermot *op. cit.*, IV, 131, 139, 154, 156, 170 (1296), 178, 198, 209, 214, 222 (1297), 234, 235, 240, 243, 252, 267, 284 (1298), 298, 304 (1299), 323 (1298-9)
22. Tresteldermot *op. cit.*, IV, 316, 333 (1299)
23. Tristeldermot *op. cit.*, IV, 332 (1299)
24. Trestildermot *op. cit.*, IV, 356 (1300)
25. Thristeldermot *op. cit.*, IV, 374, 375 (1301)
26. Tristeldermot *op. cit.*, V, 25, 36 (1302)
27. Tristeldermot *op. cit.*, V, 54 (1302)
28. Tristeldermot *op. cit.*, V, 81 (1303), 102 (1304), 127, 128, 136, 137 (1305)
29. Tristeldermot *op. cit.*, V, 130 (1305)
30. Tristeldermot *op. cit.*, V, 145 (1305)
31. Tristeldermot *op. cit.*, V, 242 (1302 × 1306)
32. Tristeldermot *op. cit.*, V, 243, 244 (1302 × 1306)
33. desertum Dermitii, id est, Tristildermot Butler, *Jacobi Grace . . . Annales*, 82 (1316)
34. Thristeldermot *Cal. Carew MSS.*, V, 369 (1318)
35. Tristeldermot *op. cit.*, V, 353 (1272 × 1327)
36. Tristeldermot Mac Niocaill, *Red Bk. of the Earls of Kildare*, 106 (1329), 117 (1331)
37. Tristeldermot MacNeill, *op. cit.*, 216 (1366)
- 37A. Tristeldermot *Cal. Ormond Deeds*, II, 117, 118 (1370)
38. Thristel-Dermond *Cal. Carew MSS.*, V, 379 (1395)
39. Tristildermot *Cal. Pap. Letters*, V, 86 (1397)
40. Tresteldermoth *Cal. Carew MSS.*, V, 382 (1377 × 1399)
41. Tristildermote *op. cit.*, V, 342 (1408)
42. Tristolldiarmod *Cal. Pap. Letters*, XI, 576 (1460)
43. Casteldermot *JRSAL*, VIII, 532 (1518)
44. Castledermott MacNeill, *op. cit.*, 278 (1531)
45. Tristeldermot(t) MacNeill, *op. cit.*, 278, 279 (1531)
46. Castle Dermot *Cal. Carew MSS.*, I, 47 (1532)
47. Thristeldermott *op. cit.*, I, 131 (1537)
48. Tristeldermot Fiant's Hen. VIII, 80 (1539)
49. Tresteldermot *op. cit.*, 120 (1540)
- 49A. Thrysteldermott White, *Ir. Monastic Possessions*, 124 (1540)
- 49B. Thristeldermott, Thrysteldermott, Dysedermott *op. cit.*, 168 (1540)
50. Thrysteldermott or Castledermott *Cal. State papers, Ire.*, 1509-73, 58 (1541)

51. Castell Dermot
 52. Tristildermot
 53. Trysteldermot, Tristeldermot
 54. Tristeldermot
 55. Tristel Dermote, Tristeldermot
 56. Tristeldermott
 57. Disertedermot alias Tristeldermot }
 58. Disertdermot }
 59. Tristeldermot }
 60. Castledermott }
 61. Casteldermott }
 62. Tristeldermote }
 63. Castell Dermont }
 64. Casteldermod }
 65. Castle Dermot }
 66. Tristeldermott
 67. Tristledermot
 68. Tristeldermott
 69. Castledermot
 70. Castle Dermott
 71. Tristeldermot(e)
 72. Tristeldermott
 73. Tristeldermote
 74. Tristeldermot
 75. Castle Dermot
 76. Castledermode
 77. Castle Dermonde
 78. Castle Dermott

Fiants Hen. VIII, 290 (1542)

op. cit., 304 (1542)

op. cit., 364 (1543)

Fiants Ed. VI, 162 (1548)

op. cit., 240 (1549)

Fiants Eliz., 6785 (1561)

op. cit., 422 (1562)

op. cit., 879 (1566)

op. cit., 1067 (1567)

op. cit., 1294 (1569)

op. cit., 1354 (1569)

op. cit., 1834 (1571)

op. cit., 2709 (1575)

Cal. State Papers, Ire., 1574-85, 70 (1575)

Fiants Eliz., 2954 (1577)

op. cit., 3014 (1577)

op. cit., 3419 (1578)

op. cit., 3497 (1578)

Cal. Carew MSS., II, 140 (1578)

Fiants Eliz., 3709 (1581)

op. cit., 4012 (1582)

op. cit., 4408 (1584)

op. cit., 5417 (1590)

op. cit., 6409 (1600)

Cal. Carew Mss. III, 431 (1600)

op. cit., IV, 447 (1603)

op. cit., VI, 24 (1608)

79. Congbáil Dísirt Diarmata *Ann. Inisfallen*, 812

80. Orgain disirt Diarmata *AU*, I, 346 (841) (= *Chron. Scot.*, 144 (842), *ARÉ*, I, 462 (841))

81. i n-disirt Diarmata *AU*, I, 348 (842)

82. i nDisiurt Diarmada O'Donovan, *Three Fragments*, 184 (869)

83. princeps disirt Diarmata *AU*, I, 390 (875)

84. is in Disiort Diarmada }
 85. Disiort Diarmada }
 86. go Disiort Diarmata }
 87. princeps disirt Diarmata } O'Donovan, *op. cit.*, 204, 214 (908)

AU, I, 444 (922)

88. Disirt Diarmuta *Rev. Celt.*, XVII, 379 (=Disert Diarmatta, *ARÉ*, II, 838 (1040))
ARÉ, II, 864 (1054)
89. ferleighind . . . Disirt Diarmada *AU*, II, 76 (1106)
90. Disirt-Diarmata *Ann. Conn.*, 1405.4 (=im diseart diarmada, *ARÉ*, IV, 784 (1405))
91. Disirt Diarmata Leabhar Bhaile an Mhóta (macasamhail) 166 b 10
 Leabhar Bui Leacáin (macasamhail), 208 b 17
 Stokes, "On the Calendar of Oengus" (1880), cvi
Foras Feasa, III, 200
92. diseart diarmata *op. cit.*, III, 202
93. díSSERT diarmada *op. cit.*, III, 210
94. indisiurt diarmuta
95. abb Disirt Diarmada }
 96. roilig Diarmada mic Aodha Róin .i. Disirt Diarmada }
 97. i nDisirt Diarmada }
 98. go Disirt Diarmada } *op. cit.*, III, 210
99. Disert Diarmada, St. Dermot's desert or wilderness OSNB I, 17
100. Disert Diarmada, St. Dermot's desert or wilderness. 4 Masters PBNB, 22
101. . . . the place anciently called Diseart Diarmada is the same with that now called Castledermot . . . The general opinion among the people is that, Castledermot obtained this name from a Castle that stood there formerly, and Dermot, King of Leinster, who occupied the Castle
 OSL, II, 60 (T. O'C.)

Glacann Gwynn & Hadcock, *Medieval Religious Houses: Ireland*, 31, le ráiteas Annála Inis Faithleann (Uimh. 79 thuas) gur bhunaigh Diarmaid mac Aedha Róin, rí Chorca Baiscinn an diseart seo sa bhliain 812, d'ainneoin go ndeireann eagarthóir na nAnnála gur cosúil go bhfuil dhá iontráil measctha le chéile anseo. Is é is dóichí gur sa bhliain sin a bunaíodh an diseart ceart go leor, ach gurb é Diarmaid mac mic Aodha Róin a fuair bás 823 (*ARÉ*, I, 434) nó 825 (*AU*, I, 318-20; féach freisin *Chron. Scot.*, 132) an bunaitheoir. Is é is dóichí gurb é Aodh Rón atá i gceist an rí Uladh a maraíodh 732 (*ARÉ*, I, 330) nó 735 (*AU*, I, 190). Tá roinnt iarsmaí mainistreach ar an láthair go fóill a bhaineas, de réir cosúlachta, leis an tréimhse ón 9ú haois (na croiseanna) go dtí an 12ú haois (an áirse), nó mar sin (chomh maith le hiarsmaí dhá mhainistir eile a bhain le tréimhse ba dheireanaí). Is anseo a oileadh Cormac mac Cuileannáin,

ri léannta Chaisil (féach *ARÉ*, I, 536), agus is ann freisin atá sé curtha (féach O'Donovan, *Three Fragments*, 214).

Níl aon cheist ann faoin ainm Gaeilge, measaimid, seachas, b'fhéidir, cé chomh deireanach is mhair an seanainm, Díseart Diarmada, ar bhéala Gaeilgeoiri an cheantair, rud nach eol dúinn aon fhianaise air. Is é is cosúil gur ar fhianaise stairiúil a bhunaigh lucht na céad suirbhéireachta a dtuairim gurbh é Díseart Diarmada an t-ainm Gaeilge (Uimh. 99, 100, 101 thuas) agus ní léir ar a bhfianaise an raibh an t-ainm sin le fáil go fóill sa chaint (tá sé le tuiscint as Uimh. 101, b'fhéidir, nach raibh, ach níl sé soiléir amach is amach).

Is ón bhfocal Laidine *desertum* don fhocal *díseart*, ar ndóigh, agus "áit uaigneach, fásach" a bhunchiall, ach is deacair idirdhealú a dhéanamh idir é agus "mainistir" i gcuid de na samplaí. Cinnte ní dhítreabhach aonair a bhíodh i ndíseart go minic, ach comhthionól fear nó ban. D'fhéadfadh sé gur "mainistir le rial dhian" a bhí i gceist leis scaití, cé nár mhór tuilleadh staidéir a dhéanamh ar úsáid an fhocail leis sin a chruthú nó a bhréagnú.

Tá na leaganacha gallda le *Tristel*-nó a leithéid spéisiúil agus is deacair a mheas gur ó thruailliú éigin ar *díseart* a tháinig siad (cé go bhfuil *isert* agus fiú *easter* le fáil ag freagairt do *díseart* in ainmneacha eile). Tá an leagan céanna le fáil i gcás roinnt ainmneacha eile: Díseart Labhráin, a bhfuil leaganacha cosúil le *Tristel* laueran le fáil dó (Inch St. Lawrence, Co. Luimnigh; v. Mac Spealáin, *Stair Aos Trí Muighe*, 257); Díseart Iolladhain, a bhfuil leaganacha cosúil le *Tristeldolan* le fáil dó (Castledillon, Co. Chill Dara); Díseart Muadhain (?), a bhfuil leaganacha cosúil le *Tristelmochan* le fáil dó (ach ní go minic é, chomh fada agus is eol dúinn; *Dysartmoon* i go. Chill Chainnigh atá i gceist); Díseart Chiaráin a bhfuil leaganacha cosúil le *Trystelkeran* le fáil dó (Castlekeeran, Co. na Mí). Níl ach dhá ainm eile ar ár n-eolas a bhfuil *tristel*-iontu, cé go bhféadfadh tuilleadh a bheith ann, agus ní thig linn a rá ina gcás siúd an raibh *díseart* le fáil sna hainmneacha, ná cén t-ainm atá ag freagairt dóibh inniu: is iad *Tristelloneth* (*Cal. Just. Rolls*, I, 257 (1299); i go. Bhaile Átha Cliath) agus *Tristelbale* nó *Tristeldale* (*CDI*, V, 259, 267 (1302 × 1306); i ndéanacht an Mhuilinn Chearr, Co. na hIarmhí) iad.

Chumar i gcomhairle leis an Ollamh Alan J. Bliss i roinn an tSean-Bhéarla agus an Mheán-Bhéarla i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, agus d'iarr seisean cabhair chomh maith ar an Dr. Joseph Long i roinn na Fraincise sa Choláiste céanna. Is mór atáimid faoi chomaoin ag an mbeirt acu as ucht ar thugadar d'eolas dúinn: is ar an eolas sin atá a bhfuil le rá againn faoin bhfocal *tristel* bunaithe.

Ní cosúil go bhfuil aon sampla den fhocal *tristel* féin le fáil, ach

is ar éigean atá aon amhras ann gur díspeagadh é ar an bhfocal Sean-Fhraincise *triste*, *tristre* (a bhfuil gaol éigin idir é agus na focail Bhéarla *tryst*, *trust*) a bhfuil leaganacha Meán-Laidine, *trista*, *tristra* (v. Du Cange), agus Bhéarla, *trist* (v. *OED* agus cf. na log-ainmneacha *Trysterlandes*, *Trister Hill*, Smith, *Place-Names of the West Riding of Yorkshire*, I, 310, 327) de le fáil. Is cosúil gur mar seo a d'fhás brí an fhocail: "áit a bhféadfaí a bheith ag coinne géim a bheith ar fáil" > "áit a rachadh duine i bhfolach ag súil le géim" > "áit fhoscáidh do lucht seilge" > "both, nó teach beag cónaithe, faoin tuath (in áit iargúlta?)". Is sa chiall dheiridh amháin a d'fhéadfadh an focal tagairt do *Díseart* Diarmada agus is é is dóichí gur don mhainistir, mar bhí sí nuair a chuir na Normanaigh eolas ar an áit, a thagrafos an focal. Is léir ó na hiarsmaí atá fágtha agus ó thagairtí stairiúla nach láthair dhíthreabhaigh amháin a bhí anseo, ach mainistir ina raibh comhthionól faoi rial de shórt éigin. Mar dúramar thuas b'fhiú tuilleadh staidéir a dhéanamh ar an bhfocal *díseart* d'fhonn a bhrí chruinn, agus aon athruithe a tháinig ar an mbrí, a dhéanamh amach.

Cé go bhfuil sé ráite gur thóg Walter de Riddlesford caisleán anseo 1181 (caisleán adhmaid a bheadh ann), tá roinnt amhrais ann, measaimid, faoin bhfianaise (féach Orpen, *Ireland under the Normans*, I, 386, *English Historical Review*, XXII (1907), 248, agus cf. *ARÉ*, III, 71 n⁷). Tá cosúlacht ar chuid de na tagairtí don bhaile sna meánaoiseanna, áfach (tionól parlaimintí ann, mar shampla), go raibh caisleán de shórt éigin ann, ach ní gá go mbeadh sé chomh luath le 1181. Ó tharla nach bhfuil aon sampla ar eolas againn don leagan *Castledermot* roimh 1518 (Uimh. 43 thuas; i leabhar cíosa le hIarla Chill Dara), is é is dóichí nach é an seanchaisleán, má bhí sé ann, is cúis leis an leagan sin den ainm, ach an caisleán a thóg Iarla Chill Dara 1505 (*JKAS*, I, 366; Lodge, *Peerage of Ireland*, I, 87).

[Documentation of the name *Castledermot*, originally *Díseart* Diarmada (referring to the monastic foundation there). The word *tristel* is French, a diminutive of *triste*, *tristre*, apparently used here in the sense "simple country dwelling" and referring to the monastery. The forms with *castle*- apparently derive from the castle built in 1505 by the Earl of Kildare.]